An Roinn Oideachais agus Óige
Department of Education and Youth

**Uimhir Chiorcláin: 0062/2026**

**Chuig: Boird Bhainistíochta, Príomhoidí agus Baill Foirne Teagaisc na nIar-bhunscoileanna agus na Scoileanna Speisialta agus Príomhfheidhmeannaigh na mBord Oideachais agus Oiliúna**

# Socruithe le haghaidh Chur Chun Feidhme an Chreata don tSraith Shóisearach le tagairt faoi leith don scoilbhliain 2026/2027.

## Clár Ábhar


1. Réamhrá ....2
   1.1 Cuspóir an chiorcláin seo ....2
   1.2 Nuashonruithe tábhachtacha don scoilbhliain 2026/2027 ....3
   1.3 Foilsiú na Tuarascála Deiridh ón Staidéar Fadaimseartha ina ndéantar iniúchadh ar chur chun feidhme agus tionchar an Chreata don tSraith Shóisearach in iar-bhunscoileanna ....6
2. Socruithe curaclaim don tSraith Shóisearach ....6
   2.1 Socruithe curaclaim agus amchláraithe don tSraith Shóisearach ....6
   2.2 Ábhair, gearrchúrsaí agus Aonaid Tosaíochta Foghlama ....7
   2.3 Sonraíochtaí agus Treoirlínte Ceadaithe Ábhair ....7
   2.4 An Líon Ábhar agus Gearrchúrsaí a ndéanfaidh scoláirí staidéar orthu ....8
   2.5 Cláir Foghlama Leibhéal 1 agus Leibhéal 2 den tSraith Shóisearach ....10
   2.6 Folláine ....11
   2.7 Amchlárú ....13
   2.8 Ábhair a dhéantar lasmuigh de shuíomh scoile aitheanta ....14
   2.9 Scoláirí a gcuirtear oideachas orthu sa bhaile ....15
   2.10 Clár Scoile an Teastais Shóisearaigh ....15
3. Measúnú agus Tuairisciú sa tSraith Shóisearach ....15
   3.1 Socruithe measúnaithe d’ábhair ....15
   3.2 Socruithe measúnaithe do CFL1SSanna agus do CFL2SSanna ....16
   3.3 Faisnéis ghinearálta faoi Mheasúnuithe Rangbhunaithe ....17
   3.4 Socruithe le haghaidh Measúnuithe Rangbhunaithe sa bhliain acadúil 2026/2027 18
   3.5 Cruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair (AFMÁ) ....20
   3.6 Socruithe le haghaidh Tascanna Measúnaithe do scoláirí tríú bliain sa bhliain acadúil 2026/2027 ....21

3.7 Scrúdú Deiridh do scoláirí tríú bliain sa bhliain acadúil 2026/2027 ........................21
3.8 Tuairisciú ar ghnóthachtáil scoláirí ........................................................................22
3.9 Socruithe teicniúla do scoileanna............................................................................26
3.10 Foghlaimeoirí aosacha i suíomhanna oideachais aosaigh ..................................28
4. Acmhainní agus Tacaí ...............................................................................................28
4.1 Am Gairmiúil...............................................................................................................28
4.2 Acmhainní le haghaidh cruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair a chomhordú.......................................................................................................30
4.3 Acmhainní Bainistíochta...........................................................................................31
5. Faisnéis Bhreise...........................................................................................................32
5.1 Rialacha agus Cláir.....................................................................................................32
5.2 Rochtain ar Fhaisnéis ...............................................................................................32
Aguisín 1: Leithdháileadh Ama Ghairmiúil ar Mhúinteoirí Páirtaimseartha ar bhonn Pro Rata .............................................................................................................................34
Aguisín 2: Roghanna le haghaidh cruinnithe AFMÁ a eagrú ..........................................36

**Tá an Ciorclán seo le léamh i gcomhar leis an gCreat don tSraith Shóisearach 2015, leis na sonraíochtaí ábhair Sraithe Sóisearaí, leis na treoirlínte measúnaithe, le Ráitis Chláir CFL1SS agus CFL2SS, agus leis na sonraíochtaí do Ghearrchúrsaí.**

# 1. Réamhrá

## 1.1 Cuspóir an chiorcláin seo

Glacann an ciorclán seo ionad Nóta Faisnéise 0006/2024, Nóta Faisnéise 0004/2025 agus Chiorclán 28/2023. Leagtar amach ann na socruithe lena rialaítear cur chun feidhme an *Chreata don tSraith Shóisearach 2015* anois, le tagairt faoi leith don scoilbhliain 2026/2027.

Iarrtar ar Bhoird Bhainistíochta, ar Phríomhoidí na n-iar-bhunscoileanna agus na scoileanna speisialta uile agus ar Phríomhfheidhmeannaigh na mBord Oideachais agus Oiliúna uile a chinntiú go ndíreofar aird na múinteoirí uile ar a bhfuil sa chiorclán seo láithreach. Ina theannta sin, iarrtar ar Bhoird Bhainistíochta a chinntiú go gcuirfear tuismitheoirí/caomhnóirí agus scoláirí ar an eolas faoi na gnéithe iomchuí den chiorclán seo.

## 1.2 Nuashonruithe tábhachtacha don scoilbhliain 2026/2027

Nuashonrú curaclaim:

- Rinne an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) athbhreithniú ar an tsonraíocht do Nuatheangacha Iasachta na Sraithe Sóisearaí mar fhreagairt d'fhionnachtana thorthaí an luath-athbhreithnithe a rinneadh le déanaí ar chur i bhfeidhm Nuatheangacha Iasachta na Sraithe Sóisearaí. Tá an tsonraíocht athbhreithnithe sin le cur chun feidhme do scoláirí a bheidh ag tosú ar an gcéad bhliain den tSraith Shóisearach i mí Mheán Fómhair 2026.

- Rinne CNCM athbhreithniú ar na sonraíochtaí do Ghearrchúrsaí sa Chódú agus sa Litearthacht ar na Meáin Dhigiteacha. Tá na sonraíochtaí athbhreithnithe sin ar fáil do scoileanna lena soláthar do scoláirí a bheidh ag tosú ar an gcéad bhliain den tSraith Shóisearach i mí Mheán Fómhair 2026.

- Nuashonraigh CNCM na Treoirlínte a bhí ann cheana do Mhúinteoirí maidir le Cláir Foghlama Leibhéal 1 agus Leibhéal 2 den tSraith Shóisearach, agus é mar aidhm aige na cláir sin a ailíniú ar bhealach níos dlúithe le Cláir Foghlama Leibhéal 1 agus Leibhéal 2 den tSraith Shinsearach a tugadh isteach le déanaí. Glacfaidh na Ráitis Chláir sin do Leibhéal 1 den tSraith Shóisearach agus do Leibhéal 2 den tSraith Shóisearach ionad na dTreoirlínte do Mhúinteoirí ó mhí Mheán Fómhair 2026 i leith.

- Mar thoradh ar athbhreithniú a rinneadh sa bhliain 2022 ar Chláir Foghlama Leibhéal 1 agus Leibhéal 2 den tSraith Shóisearach, nuashonraigh CNCM an tAonad Tosaíochta Foghlama ar ar tugadh Ullmhú don Obair, rud ar a dtugtar Scileanna Saoil anois agus atá ar fáil do scoláirí a bheidh ag tosú sa chéad bhliain i mí Mheán Fómhair 2026.

Nuashonrú measúnaithe:

- Mar thoradh ar choigeartuithe measúnaithe a deimhníodh i mí na Samhna 2025, ceanglófar ar scoláirí a bheidh ag gabháil do scrúduithe Sraithe Sóisearaí sna blianta 2027 agus 2028 Measúnú Rangbhunaithe amháin ar a laghad a chur i

gcrích agus ní cheanglófar orthu aon Tascanna Measúnaithe a chur i gcrích sna hábhair iomchuí. Tá na coigeartuithe sin ar aon dul leis na coigeartuithe a rinneadh i mblianta roimhe.

- Eiseofar mionsonraí faoi na socruithe coigeartaithe measúnaithe do gach ábhar Sraithe Sóisearaí chuig scoileanna in am trátha, agus iarrfar ar scoileanna a chinntiú go gcuirfear gach scoláire ar an eolas faoi na hathruithe sin.

- I gcás na gcoigeartuithe ar cheanglais maidir le hobair chúrsa agus maidir le hobair phraiticiúil atá i bhfeidhm ón mbliain 2021 i leith in ábhair áirithe Shraithe Sóisearaí, beidh siad i bhfeidhm go fóill dóibh sin a bheidh ag déanamh na scrúduithe sa bhliain 2027, agus ní bheidh aon fheidhm acu a thuilleadh maidir leo sin a bheidh ag déanamh na Sraithe Sóisearaí sa bhliain 2028.

- Meabhraítear do cheannairí scoile gur cheart dóibh a mbeartais mheasúnaithe féin a scrúdú agus nach mór dóibh pleanáil chun Measúnuithe Rangbhunaithe do scoláirí a chur in ionad scrúduithe intí, i gcás gurb iomchuí. D'eisigh an Roinn *Comhairle maidir le measúnuithe rangbhunaithe a sceidealú sa tSraith Shóisearach* i mí an Mhárta 2025.

Nuashonrú tuairiscithe:

- De réir comhfhreagras a seoladh chuig gach scoil i mí an Mhárta 2026, tá an Roinn ag nuashonrú an phróisis PGSS ionas gur féidir teastais a tháirgeadh agus a thabhairt do scoláirí i bhfad níos luaithe sa scoilbhliain. **Is é an sprioc atá leis an athrú sin ar amlínte ionchuir sonraí PGSS ná go bhfaighidh scoláirí a dtorthaí Sraithe Sóisearaí ar a bPróifíl Ghnóthachtála Sraithe Sóisearaí i mí Dheireadh Fómhair gach bliain.**

  Mar thoradh ar Phróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí a thabhairt do scoláirí ag an am sin, beidh sí níos úsáidí agus níos iomchuí dóibh. Ar an tslí sin, tabharfar deis do scoláirí machnamh a dhéanamh ar a ngnóthachtálacha uile sa tSraith Shóisearach, agus cinnteofar go bhfaighidh gach scoláire, cibé acu atá staidéar á dhéanamh acu ar an tSraith Shóisearach phríomhshrutha nó ar Chláir Foghlama Leibhéal 1 nó Leibhéal 2, an teastas céanna ar an lá céanna, is cuma cén clár atá á dhéanamh acu. **Is é an aidhm atá leis sin ná go dtiocfaidh an amlíne nua i bhfeidhm do scoláirí a bheidh ag tabhairt faoin tSraith Shóisearach sa bhliain 2027.**

  I gcás scoileanna, ciallaíonn sé sin go gcaithfear na sonraí scoláirí ar fad a ionchur faoi mhí na Bealtaine dá dtríú bliain. Cé go ndéanann roinnt scoileanna sonraí PGSS

a iontráil san amlíne sin cheana féin, is eol dúinn nach ndéanann scoileanna eile amhlaidh. Is eol dúinn freisin gur tréimhse phlúchta den bhliain í.

Chun cabhrú lena chinntiú go mbeidh scoileanna agus córais na Roinne ullmhaithe go hiomlán don athrú, táimid ag iarraidh ar scoileanna gach iarracht a dhéanamh aistriú chuig an amlíne nua anois agus na sonraí measúnaithe riachtanacha uile don bhliain 2026 a iontráil faoi dheireadh mhí na Bealtaine 2026 a mhéid is mó is féidir. Is an-mhór againn comhoibriú na scoileanna ina leith sin.

Beidh scoileanna in ann "Réimsí Eile Foghlama" agus "Réimsí Eile Folláine" a ionchur go díreach trí PPOD ón mbliain seo amach, seachas a bheith ag fanacht go dtí go gcruthófar an dámhachtain deiridh.

I gcás Scoileanna Speisialta, Ionaid Ógtheagmhála, Ionaid Choinneála agus Foghlaimeoirí Aosacha i suíomhanna eile oideachais ina dtugann scoláirí faoin tSraith Shóisearach, tá na sonraí scoláirí ar fad le hionchur isteach i mBunachar Sonraí Dámhachtainí na Sraithe Sóisearaí i mí Mheán Fómhair tar éis dheireadh na Sraithe Sóisearaí. I gcás go mbeidh sonraí ó Choimisiún na Scrúduithe Stáit ar fáil do scoláire, ginfidh an Roinn taifead atá comhlánaithe go páirteach ar Bhunachar Sonraí Dámhachtainí na Sraithe Sóisearaí.

Cabhróidh na hathruithe thuasluaite ar na hamlínte táirgthe PGSS leis an bpróiseas a thástáil sula dtiocfaidh siad i bhfeidhm sa bhliain 2027, mar atá beartaithe, agus tá sé mar aidhm leo an t-aistriú a dhéanamh níos éasca do scoileanna an bhliain seo chugainn.

Tá tuilleadh mionsonraí faoin tionscadal sin leagtha amach i rannán 3.9.

- Mar thoradh ar an tsonraíocht nuashonraithe a tugadh isteach don Chorpoideachas sa bhliain 2023, is é seo an t-aon chód ábhair PPOD amháin a fhéadfar a úsáid don Chorpoideachas ó mhí Mheán Fómhair 2026 i leith:
  97 - Physical Education (135 hour)/Corpoideachas (135 uair)
  Fágann sé sin gur féidir dhá mheasúnú rangbhunaithe a chur i gcrích de réir shonraíocht 2023. Faoi na socruithe athbhreithnithe reatha, áfach, ní cheanglaítear ar scoláirí ach Measúnú Rangbhunaithe amháin a dhéanamh sa Chorpoideachas.

Nuashonrú maidir le hacmhainní agus tacaí:

- Maidir leis na hUaireanta Acmhainne Bainistíochta a leithdháileadh ar scoileanna (trí ionadú) le héifeacht ón mbliain 2016 ar bhonn eatramhach ar feitheamh poist cheannaireachta i scoileanna a aisiriú, bhí siad le dul as feidhm ag deireadh na scoilbhliana 2025/26. Chinn an Roinn leanúint, ar bhonn eatramhach, leis na

huaireanta sin a leithdháileadh faoin tsamhail leithdháilte chéanna don scoilbhliain 2026/27. Tá tuilleadh faisnéise ar fáil i rannán 4.4 den doiciméad seo.

- Is féidir faisnéis do scoláirí, do thuismitheoirí agus do mhúinteoirí faoin gCreat don tSraith Shóisearach, faoin gCuraclam, faoi Scrúduithe, faoi Mheasúnuithe Rangbhunaithe, faoin bhFolláine agus faoi OSPS a fháil ar an leathanach Sraithe Sóisearaí ar gov.ie, suíomh Gréasáin an rialtais.

Tá na nuashonruithe sin curtha san áireamh freisin san fhaisnéis níos mine faoin tSraith Shóisearach atá leagtha amach sna rannáin eile den chiorclán seo.

### 1.3 Foilsiú na Tuarascála Deiridh ón Staidéar Fadaimseartha ina ndéantar iniúchadh ar chur chun feidhme agus tionchar an Chreata don tSraith Shóisearach in iar-bhunscoileanna

- Tá an Roinn ag obair i gcomhar le CNCM maidir le conas is féidir leas a bhaint as fionnachtana na tuarascála chun tacú le feabhas leantach san eispéireas Sraithe Sóisearaí.

## 2. Socruithe curaclaim don tSraith Shóisearach

### 2.1 Socruithe curaclaim agus amchláraithe don tSraith Shóisearach

Úsáidfidh gach scoil an *Creat don tSraith Shóisearach 2015* chun clár a phleanáil do gach ceann de na trí bliana den tSraith Shóisearach, ar clár é a chomhlíonann na ceanglais atá leagtha amach sa Chreat agus sa chiorclán seo. Agus a clár Sraithe Sóisearaí á phleanáil aici, ceanglaítear ar gach scoil aird a thabhairt ar chomhthéacs áitiúil na scoile agus ar chúlraí, údair spéise agus cumais a cuid scoláirí agus spiorad sainiúil na scoile a léiriú.

Dearadh na sonraíochtaí ábhair, na gearrchúrsaí agus na hAonaid Tosaíochta Foghlama (ATFanna) ar fhorbair CNCM iad chun a bheith chomh huilíoch agus chomh hionchuimsitheach agus is féidir, áit a soláthraítear deiseanna fiúntacha luachmhara foghlama do scoláirí a thagann ó gach cúlra cultúrtha agus sóisialta agus a bhfuil raon leathan imthosca aonair acu.

Ba cheart do scoileanna a bheith feasach ar an ionchuimsitheacht bheartaithe sin agus a gcláir Shraithe Sóisearaí á bpleanáil acu chun a chinntiú, a mhéid is féidir, go mbeidh an raon ábhar, gearrchúrsaí agus ATFanna ar leith atá ar fáil oiriúnach do riachtanais agus inniúlachtaí gach scoláire, lena n-áirítear iad sin a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. D'ainneoin an mhéid thuas, is dosheachanta an rud é go mbeidh torthaí foghlama fós

ann laistigh de shonraíochtaí ábhair agus gearrchúrsa nach féidir le scoláirí áirithe iad a bhaint amach de bhua na riachtanas speisialta oideachais ar leith atá acu.

Ba cheart don chlár atá beartaithe don tSraith Shóisearach a bheith ar fáil do scoláirí agus do thuismitheoirí/caomhnóirí a luaithe is indéanta i gcás scoláirí a bheidh ag tosú ar an gcéad bhliain sa bhliain acadúil 2026/2027. Ba cheart faisnéis agus treoir iomchuí a thabhairt don scoláire aonair agus dá t(h)uismitheoirí/c(h)aomhnóirí ionas go mbeidh siad in ann roghanna eolacha a dhéanamh maidir leis na roghanna curaclaim atá ar fáil.

Agus an clár á phleanáil acu, ba cheart do cheannairí agus múinteoirí iar-bhunscoile a bheith ar an eolas freisin go gcoinneofar ar bun don bhliain acadúil 2027/2028 na coigeartuithe a rinneadh ar shocruithe measúnaithe sa bhliain acadúil 2026/2027.

### 2.2 Ábhair, gearrchúrsaí agus Aonaid Tosaíochta Foghlama

Cinnteoidh scoileanna go mbeidh na 24 ráiteas foghlama le feiceáil sna cláir a thairgtear dá scoláirí Sraithe Sóisearaí. Tá naisc chuig na hocht bpríomhscil den tSraith Shóisearach ar áireamh i ngach sonraíocht Sraithe Sóisearaí. Tá na scileanna sin leabaithe freisin sna torthaí foghlama, atá leagtha amach go soiléir i sonraíochtaí ábhair, i sonraíochtaí gearrchúrsa agus in Aonaid Tosaíochta Foghlama.

Déantar socrú sa *Chreat don tSraith Shóisearach 2015* go ndéanfaidh scoláirí i scoileanna aitheanta staidéar ar na nithe seo a leanas:

- Raon ábhar

  **NÓ**

- Meascán d’ábhair agus de ghearrchúrsaí

  **NÓ**

- I gcás roinnt scoláirí aonair a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, meascán de ATFanna agus/nó de ghearrchúrsaí agus/nó d’ábhair, a oireann dá gcuid láidreachtaí, údar spéise agus riachtanas féin

  **AGUS**

- Clár i réimse na Folláine.

### 2.3 Sonraíochtaí agus Treoirlínte Ceadaithe Ábhair

Tá na sonraíochtaí ábhair agus na treoirlínte measúnaithe ina leagtar amach na socruithe curaclaim agus measúnaithe do gach ábhar, gearrchúrsa, réimse foghlama agus ATF Sraithe Sóisearaí atá ceadaithe ag an Aire ar fáil ag https://www.curriculumonline.ie/Junior-Cycle , agus tá siad mar a leanas:

- Na sonraíochtaí uile agus na treoirlínte measúnaithe uile don tSraith Shóisearach.
- Na sonraíochtaí ó CNCM do ghearrchúrsaí iomchuí Sraithe Sóisearaí atá roghnaithe ag an scoil

(má bhaineann) lena gcur ar áireamh ina clár Sraithe Sóisearaí.

- An Ráiteas Cláir ó CNCM do Chláir Foghlama Leibhéal 2 den tSraith Shóisearach;
- An Ráiteas Cláir ó CNCM do Chláir Foghlama Leibhéal 1 den tSraith Shóisearach;
- Na Treoirlínte ó CNCM le haghaidh Folláine sa tSraith Shóisearach (2021).

**Tabhair faoi Deara:** Féadfaidh scoileanna a roghnú gearrchúrsaí arna bhforbairt ag CNCM a chur ar áireamh nó, mar mhalairt air sin, féadfaidh siad a roghnú gearrchúrsaí arna bhforbairt ag scoileanna nó arna bhforbairt go seachtrach i gcomhréir le teimpléad agus le treoirlínte arna leagan amach ag CNCM a chur ar áireamh.

## 2.4 An Líon Ábhar agus Gearrchúrsaí a ndéanfaidh scoláirí staidéar orthu

Déanfaidh scoláirí staidéar ar ocht n-ábhar ar a laghad agus ar dheich n-ábhar ar a mhéad (áirítear leis an líon uasta de dheich n-ábhar ábhair a ndéantar staidéar orthu lasmuigh de shuíomh scoile aitheanta) don scrúdú deiridh agus don tuairisciú trí Phróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí, agus beidh an líon beacht ábhar ag brath ar cé acu atá nó nach bhfuil an scoláire ag tabhairt faoi ghearrchúrsaí freisin. Níl sé mar aidhm ná mar rún leis sin go nglacfaidh gearrchúrsaí ionad na n-ábhar atá ann cheana.

Féadfar staidéar a dhéanamh ar cheithre ghearrchúrsa ar a mhéad sa chlár Sraithe Sóisearaí, mar aon le gearrchúrsaí Folláine in OSPS agus in OSSP agus leis an tsonraíocht 135 huaire an chloig don chorpoideachas.

Níor cheart eisceachtaí a dhéanamh ón líon íosta d'ocht n-ábhar ach amháin i gcás scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, a fhéadfaidh líon níos lú ábhar a dhéanamh in éineacht, i gcásanna áirithe, le Cláir Foghlama Leibhéal 2 den tSraith Shóisearach.

Ní mór do gach scoláire Béarla, Gaeilge, Matamaitic agus Stair a chur ar áireamh i measc na n-ábhar a ndéanann sé/sí staidéar orthu[1], mar aon le roinnt ábhar agus/nó gearrchúrsaí eile ina c(h)lár Sraithe Sóisearaí. Tugtar i *gCiorclán 16/2020* tuilleadh mionsonraí faoin gcroístádas speisialta atá ag an Stair laistigh den Chreat don tSraith Shóisearach.

I ngach cineál scoile aitheanta dara leibhéal, tá feidhm ag na ceanglais seo a leanas maidir le scoláirí a thosaigh an tSraith Shóisearach ó mhí Mheán Fómhair 2020 i leith:

---

[1] Féadfar scoláirí áirithe a dhíolmhú ó staidéar a dhéanamh ar an nGaeilge de réir Chiorclán 55/2022, agus tá scoláirí atá ag tabhairt faoi CFL1anna díolmhaithe ó staidéar a dhéanamh ar an Stair.

## I gcás scoláirí atá ag tabhairt faoi chlár staidéir Leibhéal 3

| **Ábhair agus gearrchúrsaí** |
|---|
| I gcás scoláirí:<br>• déanfaidh siad staidéar ar dheich[2] n-ábhar ar a mhéad don scrúdú deiridh agus don tuairisciú trí PGSS, mar aon leis na réimsí Folláine den fhoghlaim – Corpoideachas, OSPS agus OSSP **NÓ**<br>• déanfaidh siad staidéar ar naoi n-ábhar don scrúdú deiridh agus ar suas le dhá ghearrchúrsa don tuairisciú trí PGSS, mar aon leis na réimsí Folláine den fhoghlaim – Corpoideachas, OSPS agus OSSP **NÓ**<br>• déanfaidh siad staidéar ar suas le hocht n-ábhar don scrúdú deiridh agus ar suas le ceithre ghearrchúrsa don tuairisciú trí PGSS, mar aon leis na réimsí Folláine den fhoghlaim – Corpoideachas, OSPS agus OSSP. |
| **Folláine** |
| Meabhraítear do scoileanna go bhfuil tairseach *íosta* 400 uair an chloig ann thar thréimhse trí bliana na Sraithe Sóisearaí ar cheart í a sholáthar don Fholláine, lena n-áirítear Corpoideachas, OSPS agus OSSP. Ní mór do gach scoil na nithe seo a leanas a sholáthar:<br>• Corpoideachas: 135 huaire an chloig a bheidh scaipthe ar fud na chéad bhliana, an dara bliain agus an tríú bliain (agus ní mór uaireanta a sholáthar i ngach ceann de na trí bliana). **Ní mór** do scoláirí an tsonraíocht curaclaim 135 huaire an chloig ar leag CNCM síos í sa bhliain 2023 a leanúint.<br>• Gearrchúrsa OSPS: 100 uair an chloig a bheidh scaipthe ar fud na chéad bhliana, an dara bliain agus an tríú bliain (agus ní mór uaireanta a sholáthar i ngach ceann de na trí bliana). **Ní mór** do scoláirí an tsonraíocht nuafhorbartha don ghearrchúrsa ar leag CNCM síos í sa bhliain 2023 a leanúint.<br>• Gearrchúrsa OSSP: 100 uair an chloig a bheidh scaipthe ar fud na chéad bhliana, an dara bliain agus an tríú bliain (agus ní mór uaireanta a sholáthar i ngach ceann de na trí bliana). **Ní mór** do scoláirí an tsonraíocht don ghearrchúrsa ar leag CNCM síos í sa bhliain 2021 a leanúint. |

***Nóta***: Féadfaidh scoileanna réimsí eile a chur ar áireamh ina soláthar don fholláine, mar atá mionsonraithe i rannán 2.6.

[2] Áirítear leis an líon uasta de dheich n-ábhar ábhair a ndéantar staidéar orthu lasmuigh de shuíomh scoile aitheanta. Maidir le scoláirí a roghnóidh staidéar a dhéanamh ar ábhar lasmuigh dá scoil, tabhair faoi deara nach bhféadfaidh siad na ceanglais maidir leis an Measúnú Rangbhunaithe ná maidir leis an Tasc Measúnaithe a chur i gcrích don ábhar sin.

| Réimsí eile foghlama |
| --- |
| • **Ní mór** foghlaim a bhaineann le treoir **a bheith ar áireamh** sa chlár Sraithe Sóisearaí. Féadfar treoir a chur ar áireamh faoi scáth na n-uaireanta folláine **NÓ** mar 'réimse eile foghlama'. Leanfaidh Oide, an tseirbhís tacaíochta de chuid na Roinne Oideachais agus Óige do cheannairí scoile agus do mhúinteoirí, le foghlaim ghairmiúil a sholáthar le haghaidh Threoir na Sraithe Sóisearaí sa bhliain acadúil 2026/2027 agus ina diaidh. Féadfaidh an Treoirchomhairleoir nó múinteoir eile treoir a sholáthar i gcomhréir le pleanáil Treorach Scoile Uile.<br><br>• Féadfaidh scoláirí gabháil do ghníomhaíochtaí foghlama eile atá leagtha amach i gclár na scoile don tSraith Shóisearach. D'fhéadfadh gníomhaíochtaí sóisialta, cultúrtha, tréadacha, eolaíocha agus fiontraíocha agus gníomhaíochtaí eile ar féidir leo tacú leis na 24 ráiteas foghlama agus leis na hocht bpríomhscil a bheith i measc na ngníomhaíochtaí sin.<br><br>• Féadfaidh roinnt scoileanna cúrsa i dteagasc creidimh atá ina léiriú ar a spiorad sainiúil féin a sholáthar do scoláirí freisin mar chuid de chlár Sraithe Sóisearaí. |

Tabhair faoi deara freisin:

- Féadfaidh scoileanna leanúint le níos mó ná deich n-ábhar a thairiscint dá scoláirí chéad bhliana chun cabhrú leo ábhair a roghnú. Nuair a rachaidh scoláirí isteach sa dara bliain, áfach, ní mór cloí leis an líon uasta de dheich n-ábhar don scrúdú deiridh agus don tuairisciú trí PGSS.
- Is féidir an liosta de na hábhair fhéideartha a fháil anseo.

Aithneoidh an Roinn Oideachais agus Óige scoláirí a bheidh ag déanamh staidéar ar an gclár, mar atá leagtha amach sna ceanglais thuas, chun críocha leithdháiltí múinteoirí agus íocaíochtaí eile leis an scoil.

## 2.5 Cláir Foghlama Leibhéal 1 agus Leibhéal 2 den tSraith Shóisearach

### 2.5.1 Cláir Foghlama Leibhéal 1 den tSraith Shóisearach (CFL1SSanna)

Tá CFL1SS deartha do ghrúpa sonrach scoláirí. Is dócha go mbeidh moilleanna suntasacha forbartha acu ar fud roinnt réimsí, lena n-áirítear foghlaim, cumarsáid, teanga, agus scileanna oiriúnaitheacha.

Tá Cláir Foghlama Leibhéal 1 den tSraith Shóisearach (tagraíonn an téarma 'Leibhéal' d'ailíniú leathan leis an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí) agus an phríomh-chomhpháirt churaclaim díobh – Aonaid Tosaíochta Foghlama (ATFanna) – ceadaithe ag an Aire agus tá siad ar fáil do scoileanna ó mhí Mheán Fómhair 2018 i leith.

Tá sé cinn de ATFanna agus dhá cheann de ghearrchúrsaí Leibhéal 1 i gceist le CFL1SSanna. Féadfaidh roinnt scoláirí a bheidh páirteach i gClár Foghlama Leibhéal 1 den tSraith Shóisearach líon beag ATFanna Leibhéal 2 (nó gnéithe de ATF) agus gearrchúrsaí a dhéanamh freisin.

Níltear ag coinne leis go mbeidh scoláirí a bheidh ag tabhairt faoi Chlár Foghlama Leibhéal 1 den tSraith Shóisearach ag déanamh scrúduithe Leibhéal 3 freisin.

### 2.5.2 Cláir Foghlama Leibhéal 2 den tSraith Shóisearach (CFL2SSanna)

Tá CFL2SS deartha do scoláirí nach féidir leo, mar gheall ar a bpróifílí foghlama, rochtain a fháil ar roinnt nó gach ceann de churaclaim Leibhéal 3 den tSraith Shóisearach. Is dócha go mbeidh moilleanna forbartha acu ar fud roinnt réimsí, lena n-áirítear foghlaim, cumarsáid, teanga, agus scileanna oiriúnaitheacha.

Féadfaidh go mbeidh scoláirí a bheidh ag tabhairt faoi CFL2SS in ann scrúdú stáit Leibhéal 3 agus Measúnú Rangbhunaithe, nó an Measúnú Rangbhunaithe amháin san ábhar sin, nó gearrchúrsa Leibhéal 3 a dhéanamh freisin. **Níl** CFL2SSanna oiriúnach do scoláirí atá ag foghlaim Béarla mar theanga bhreise ach amháin i gcás go bhfuil moilleanna forbartha ar fud roinnt réimsí ag baint leo freisin.

Tá cúig cinn de ATFanna agus dhá cheann de ghearrchúrsaí Leibhéal 2 i gceist le CFL2SSanna.

## 2.6 Folláine

Cumhdaítear an fholláine i ngach ceann de thrí bliana na Sraithe Sóisearaí, áit a dtógtar ar an obair shubstaintiúil atá ar siúl i scoileanna cheana féin chun tacú le folláine scoláirí. Meastar go n-imreoidh tiomantas na scoile don réimse foghlama seo tionchar dearfach méadaitheach ar fholláine scoláirí. Áireofar léi deiseanna foghlama a bheidh ceaptha chun folláine fhisiciúil, mheabhrach, mhothúchánach agus shóisialta scoláirí a fheabhsú tuilleadh.

Ceanglaítear ar scoileanna clár Folláine 400 uair an chloig a sholáthar do scoláirí.

Tá sé mar aidhm leis na *Treoirlínte ó CNCM le haghaidh Folláine sa tSraith Shóisearach* (2021) tacú le scoileanna clár comhleanúnach Folláine a phleanáil agus a fhorbairt lena dtógtar ar an tuiscint, ar na cleachtais agus ar na curaclaim maidir leis an bhFolláine atá ann cheana féin i scoileanna.

De bhreis ar chláir staidéir sa Chorpoideachas, in OSPS agus in OSSP, féadfaidh scoileanna réimsí eile a chur ar áireamh freisin ina soláthar de chlár Folláine 400 uair an

chloig, agus tá samplaí leagtha amach sna *Treoirlínte ó CNCM le haghaidh Folláine sa tSraith Shóisearach (2021)*.

I gcás go dtabharfaidh scoileanna aonaid foghlama isteach chun cuid de chlár Folláine a chumhdach, ní mór an réasúnaíocht is bun leis na haonaid sin a chur ar áireamh i gclár Folláine na scoile a bheith soiléir agus ba cheart í a bheith nasctha leis na sé tháscaire folláine agus a bheith ionchuimsitheach i leith gach scoláire sa tSraith Shóisearach.

Ní mór foghlaim a bhaineann le treoir a bheith ar áireamh sa chlár Sraithe Sóisearaí. Féadfar treoir a chur ar áireamh faoi scáth na n-uaireanta folláine NÓ mar 'réimse eile foghlama'. Leanfaidh Oide, an tseirbhís tacaíochta de chuid na Roinne Oideachais agus Óige do cheannairí scoile agus do mhúinteoirí, le foghlaim ghairmiúil a sholáthar le haghaidh Threoir na Sraithe Sóisearaí sa bhliain acadúil 2026/2027 agus ina diaidh. Féadfaidh an Treoirchomhairleoir nó múinteoir eile treoir a sholáthar i gcomhréir le pleanáil Treorach Scoile Uile.

Is féidir le tionscnaimh roghnacha a bhaineann le folláine ina dtugtar ról do líon beag scoláirí, seachas do ghrúpa ranga iomlán, a bheith éifeachtach dóibh sin a bhíonn páirteach iontu. Níor cheart na heispéiris foghlama sin a chomhaireamh mar chuid den chlár Folláine, áfach, toisc nach gcuimsíonn siad na scoláirí uile sa rang. Ba cheart dul i gcomhairle le baill foirne, le tuismitheoirí agus le scoláirí nuair a bheidh clár Folláine na scoile á fhorbairt. Tá sraith aguisíní ag gabháil leis na *Treoirlínte ó CNCM le haghaidh Folláine sa tSraith Shóisearach (2021)* chun tacú le scoileanna an méid sin a dhéanamh.

Agus cláir nó acmhainní arna bhforbairt ag éascaitheoirí seachtracha á roghnú acu, ba cheart do scoileanna breathnú ar *Chiorclán 43/2018: Treoir dea-chleachtais d'iar-bhunscoileanna maidir le húsáid clár agus/nó éascaitheoirí seachtracha chun folláine a chur chun cinn i gcomhréir le Ráiteas Polasaí Folláine agus Creat Cleachtais na Roinne Oideachais*.

Níl sé cuí acmhainní ná ábhair arna dtáirgeadh nó arna gcistiú ag an tionscal alcóil a úsáid le haghaidh oideachas agus feasacht ar alcól i scoileanna. Níl sé cuí ach oiread go bhfreastalódh múinteoirí, ina gcáil ghairmiúil, ar oiliúint ghaolmhar atá ar fáil ó eagraíochtaí a gcistíonn an tionscal alcóil iad.

### 2.6.1 Ráiteas Polasaí Folláine agus Creat Cleachtais

Tugtar sa Ráiteas Polasaí Folláine agus Creat Cleachtais creat uileghabhálach chun tacú le scoileanna a gcuid oibre a phleanáil agus a athbhreithniú i ndáil le cothú na folláine. Ceanglaítear leis an mbeartas go ndéanfaí Próiseas um Chothú na Folláine a fhorbairt agus a chur chun feidhme i ngach scoil trí úsáid a bhaint as an bpróiseas

Féinmheastóireachta Scoile (FMS). Tá na *Treoirlínte ó CNCM le haghaidh Folláine sa tSraith Shóisearach (2021)* ailínithe leis an *Ráiteas Polasaí Folláine agus Creat Cleachtais* agus is féidir leo bonn eolais a chur faoi Phróiseas um Chothú na Folláine a fhorbairt i gcomhthéacs na Féinmheastóireachta Scoile (FMS).

Agus an méid thuas á chur san áireamh, forbraíodh *Cineáltas: Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht* agus aird á tabhairt ar na gceithre phríomhréimse den Ráiteas Polasaí Folláine agus Creat Cleachtais 2019. Tá sé fréamhaithe i dtaighde náisiúnta agus idirnáisiúnta trí Chur Chuige Uile-Oideachais UNESCO agus tá sé bunaithe ar chomhairliúchán agus caidreamh meáite leathan le daoine dár bpobal oideachais agus leis an tsochaí i gcoitinne. Trí *Cineáltas: Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht* a chur chun feidhme, is féidir linn go léir obair le chéile i dtreo sochaí a bheidh éagsúil agus ionchuimsitheach, a bheidh saor ó gach cineál bulaíochta, ina mbeidh meas ar an difríocht idir daoine agus ina gcothófar agus ina gceiliúrfar an difríocht sin, agus ina mbraithfidh ár leanaí agus ár ndaoine óga go léir sásta agus sábháilte inár scoileanna.

### 2.7 Amchlárú

Cuimsíonn na gníomhaíochtaí teagaisc, foghlama, measúnaithe agus tuairiscithe a dhéantar i gcláir Shraithe Sóisearaí raon níos leithne gníomhaíochtaí, cothromaíocht idir forbairt scileanna agus forbairt inniúlachtaí agus forbairt eolais na scoláirí.

Chun an fhoghlaim sin agus cur chun feidhme dea-chleachtas measúnaithe mhúnlaithigh a éascú, tá tréimhse ranga 40 nóiméad ar a laghad ag teastáil. Tá tréimhsí dúbailte ranga (2 x 40 nóiméad) ag teastáil ó ábhair áirithe le linn na seachtaine scoile. Ní mór do scoileanna a chinntiú nach n-amchlárófar tréimhsí ranga is giorra ná 40 nóiméad a thuilleadh.

Is féidir go bhfaighidh roinnt scoileanna amach go bhfuil úsáid tréimhsí ranga níos faide a mhaireann suas le 60 nóiméad (seachas 40 nóiméad) níos oiriúnaí do riachtanais foghlama a gcuid scoláirí agus do na hábhair a ndéanann siad staidéar orthu. Mar mhalairt air sin, is féidir go bhfaighidh siad amach go bhfuil meascán de thréimhsí ranga a mhaireann 40 nóiméad agus de thréimhsí ranga níos faide a mhaireann suas le 60 nóiméad níos oiriúnaí do na riachtanais sin.

Ceanglaítear 240 uair an chloig ar a laghad de rannphairtíocht amchláraithe scoláirí a sholáthar sa Bhéarla, sa Ghaeilge agus sa Mhatamaitic thar thréimhse trí bliana na Sraithe Sóisearaí. I gcás gach ábhair eile Sraithe Sóisearaí, lena n-áirítear Stair, ceanglaítear 200 uair an chloig ar a laghad de rannphairtíocht amchláraithe scoláirí a sholáthar thar thréimhse trí bliana na Sraithe Sóisearaí, lena n-áirítear gníomhaíochtaí teagaisc, foghlama agus measúnaithe.

Tá Aonaid Tosaíochta Foghlama deartha do thart ar 250 uair an chloig de rannpháirtíocht scoláirí an ceann agus tá siad leagtha amach ina ngnéithe agus ina dtorthaí foghlama.

I gcás gearrchúrsaí, ceanglaítear 100 uair an chloig de rannpháirtíocht scoláirí a sholáthar thar thréimhse trí bliana na Sraithe Sóisearaí agus, leis an tsonraíocht don Chorpoideachas, ceanglaítear 135 huaire an chloig de rannpháirtíocht scoláirí a sholáthar thar thréimhse trí bliana na Sraithe Sóisearaí.

I scoileanna ina bhfuil clár samplála i bhfeidhm don chéad bhliain, ba cheart don lucht bainistíochta scoile a chinntiú nach mbeidh aon tionchar ag cláir den sórt sin ar an am foriomlán a bheidh ar fáil do na hábhair a roghnaítear de réir mar a théann scoláirí ar aghaidh i mblianta ina dhiaidh sin den tSraith Shóisearach.

## 2.8 Ábhair a dhéantar lasmuigh de shuíomh scoile aitheanta

Tá an Creat don tSraith Shóisearach (2015) deartha lena sholáthar i suíomh scoile, agus ní fhéadfar na hábhair ná na réimsí foghlama uile a dhéanamh ina n-iomláine ach amháin laistigh de shuíomh scoile.

Buntaca leis an gclár trí bliana Sraithe Sóisearaí is ea an measúnú agus an tuairisciú a bheith comhtháthaithe le chéile mar ghnáthchuid den teagasc agus den fhoghlaim i seomraí ranga. Is dámhachtain scoilbhunaithe í Próifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (PGSS), lena mbaintear leas as gnóthachtáil ar fud gach gné de ghnóthachtáil scoláirí agus de mheasúnú scoláirí, lena n-áirítear measúnú leanúnach, tuairiscíní na Measúnuithe Rangbhunaithe agus tuairiscíní gráid na Scrúduithe Stáit, agus lena dtugtar tuairisc ar an ngnóthachtáil sin.

Ní bhíonn an tsraith iomlán de chomhpháirteanna foghlama agus measúnaithe sa tSraith Shóisearach ar fáil ach amháin nuair a bhítear ag déanamh staidéir i suíomh scoile aitheanta. I gcásanna áirithe, áfach, féadfaidh scoláirí staidéar a dhéanamh ar ábhar nó ábhair lasmuigh de shuíomh scoile aitheanta. I gcásanna den sórt sin (fiú amháin i gcás go mbeidh an scoláire ag tabhairt faoi níos lú ná deich n-ábhar i suíomh scoile aitheanta nó in ionad oideachais aitheanta), ní fhéadfar na ceanglais i ndáil le Measúnuithe Rangbhunaithe a dhéanamh a chomhlíonadh agus, dá bhrí sin, ní fhéadfar tuairisciú ar Mheasúnuithe Rangbhunaithe mar chuid de PGSS. I gcás nach mbeidh scoláirí in ann na Measúnuithe Rangbhunaithe a chur i gcrích laistigh de shuíomh scoile aitheanta (nó laistigh d’ionad oideachais aitheanta), taispeánfar na Measúnuithe Rangbhunaithe mar “neamhthuairiscithe” ar PGSS. Ní bheidh scoláirí a bheidh ag déanamh staidéir lasmuigh de scoil aitheanta nó d’ionad oideachais aitheanta in ann Tascanna Measúnaithe a chur i gcrích sna hábhair iomchuí.

Tabhair faoi deara go bhfuil gach scoláire, lena n-áirítear iad sin atá ag déanamh staidéir lasmuigh de shuíomh scoile aitheanta nó d'ionad oideachais aitheanta, faoi réir an lín uasta de dheich n-ábhar don scrúdú deiridh agus don tuairisciú trí PGSS.

### 2.9 Scoláirí a gcuirtear oideachas orthu sa bhaile

Maidir le scoláirí a ***roghnaigh go gcuirfí oideachas orthu sa bhaile***, beidh rochtain acu ar an scrúdú deiridh ag an tSraith Shóisearach. **Ní sholáthrófar** PGSS do scoláirí den sórt sin a chuaigh isteach sa tríú bliain sa bhliain acadúil 2025/2026. I gcás scoláirí a chuaigh isteach sa tríú bliain sa bhliain acadúil 2025/2026, is é Coimisiún na Scrúduithe Stáit an comhlacht cuí chun ráiteas ar thorthaí a scrúduithe deiridh a sholáthar do na scoláirí sin.

### 2.10 Clár Scoile an Teastais Shóisearaigh

Féadfaidh scoileanna a thairgeann Clár Scoile an Teastais Shóisearaigh faoi láthair leanúint le déanamh amhlaidh do scoláirí atá i mbaol an scoil a fhágáil go luath, do scoláirí a bhfuil riachtanais shainaitheanta acu i réimsí na litearthachta agus na huimhearthachta, do scoláirí a gcuireann a riachtanais shainaitheanta cosc orthu páirt iomlán a ghlacadh sa tSraith Shóisearach agus tairbhe iomlán a bhaint aisti, do scoláirí a léiríonn comharthaí soiléire nach mbíonn siad ag déanamh go maith ag an scoil ag an tsraith shóisearach agus/nó do scoláirí a dtugann a dtinreamh agus/nó a n-iompraíocht agus a meon le fios go mbíonn siad ag tarraingt siar go mór as an scoil. Tá athbhreithniú ar Chlár Scoile an Teastais Shóisearaigh ar siúl, agus níltear ag glacadh le haon iarratais nua ó scoileanna faoi láthair chun dul isteach sa chlár.

## 3. Measúnú agus Tuairisciú sa tSraith Shóisearach

### 3.1 Socruithe measúnaithe d'ábhair

*Tabhair faoi deara: Tá socruithe measúnaithe don bhliain acadúil 2026/2027 leagtha amach i rannáin 3.4, 3.6 agus 3.7.*

Leis an g*Creat don tSraith Shóisearach 2015*, tugadh isteach cur chuige déach i leith an mheasúnaithe, rud lena dtacaítear le foghlaim scoláirí thar thréimhse trí bliana na Sraithe Sóisearaí. Leis an gcur chuige déach sin, laghdaítear an díriú ar scrúdú amháin a ndéantar measúnú seachtrach air mar mhodh chun measúnú a dhéanamh ar scoláirí agus méadaítear an tábhacht a leagtar ar Mheasúnuithe Rangbhunaithe agus ar mheasúnú múnlaitheach.

Eascraíonn an t-athrú béime sin as an aitheantas go bhfoghlaimíonn scoláirí ar an mbealach is fearr nuair a thugann múinteoirí aiseolas lena gcabhraítear le scoláirí tuiscint a ghnóthú ar an dóigh ar féidir feabhas a chur ar a gcuid foghlama.

Leagtar amach sa *Chreat don tSraith Shóisearach 2015* go ndéanfar measúnú ar na sonraíochtaí ábhair trí na nithe seo a leanas: aiseolas leanúnach laistigh den rang; dhá Mheasúnú Rangbhunaithe, a dtugann an scoil tuairisc do thuismitheoirí/caomhnóirí agus do scoláirí orthu; Tasc Measúnaithe (arna cheapadh ag CNCM agus arna mharcáil ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit) i bhformhór na n-ábhar; agus sraith Scrúduithe Deiridh, arna riar agus arna marcáil ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit ag deireadh an tríú bliain. Tá tuilleadh faisnéise faoi Shocruithe Measúnaithe ar fáil i Rannán 3.7 den doiciméad seo.

Ginfear tuairiscín gráid mar thoradh ar mheascán den Tasc Measúnaithe agus den Scrúdú Deiridh, arna marcáil agus arna mbronnadh ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit. Tá feidhm ag socruithe measúnaithe a bhfuil mionathrú déanta orthu maidir leis an Amharc-ealaín, leis an gCeol, leis an Eacnamaíocht Bhaile agus leis na hábhair Theicneolaíochta. Ní scrúdófar aon Tascanna Measúnaithe sa bhliain 2027. Tá tuilleadh faisnéise faoi Shocruithe Measúnaithe ar fáil i Rannán 3.7 den doiciméad seo.

### 3.2 Socruithe measúnaithe do CFL1SSanna agus do CFL2SSanna

Maidir le foghlaim scoláirí sna hAonaid Tosaíochta Foghlama (ATFanna) agus sna gearrchúrsaí atá ar áireamh i CFL1SSanna agus i CFL2SSanna, is iad múinteoirí na scoláirí a dhéanfaidh measúnú uirthi, agus tuairisceofar uirthi do scoláirí agus do thuismitheoirí/caomhnóirí le linn na Sraithe Sóisearaí agus i bPróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí agus úsáid á baint as tuairiscíní cuí.

- Aonaid Tosaíochta Foghlama Leibhéal 1 den tSraith Shóisearach agus Leibhéal 2 den tSraith Shóisearach: ginfear an fhianaise ar an bhfoghlaim bunaithe ar na sonraíochtaí ó CNCM do na hAonaid Tosaíochta Foghlama, mar atá leagtha amach i bhfoilseacháin ó CNCM agus i g*Cláir Foghlama Leibhéal 1: Treoirlínte do Mhúinteoirí* agus i g*Cláir Foghlama Leibhéal 2: Treoirlínte do Mhúinteoirí*, agus beidh baint dhíreach aici le torthaí foghlama na nAonad Tosaíochta Foghlama sin **nó** leis na Ráitis Chláir do Chlár Foghlama Leibhéal 1/Leibhéal 2 den tSraith Shóisearach i gcás na scoláirí sin a bheidh ag dul isteach sa chéad bhliain sa bhliain acadúil 2026/2027.
- Gearrchúrsaí Leibhéal 1 agus Leibhéal 2 den tSraith Shóisearach: Ionas go dtaifeadfar i bPróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí gnóthachtáil i ngach gearrchúrsa de Leibhéal 1 nó de Leibhéal 2, ní mór a mheas go gcomhlíonann obair scoláirí Gnéithe Cáilíochta an Mheasúnaithe Rangbhunaithe don ghearrchúrsa nó do na gearrchúrsaí de Leibhéal 1 nó de Leibhéal 2 a ndearnadh staidéar air nó orthu. Beidh Measúnú Rangbhunaithe amháin ag gach gearrchúrsa.

Thar thréimhse trí bliana na Sraithe Sóisearaí, is i bpunann a bhailíonn scoláirí fianaise ar a gcuid foghlama i gClár Foghlama Leibhéal 1 agus/nó Leibhéal 2 den tSraith Shóisearach.

Cuireann scoláirí an phunann sin faoi bhráid a múinteoirí. Déantar measúnú ar obair na scoláirí ansin agus tugtar tuairisc uirthi.

### 3.3 Faisnéis ghinearálta faoi Mheasúnuithe Rangbhunaithe

*Tabhair faoi deara: Tá socruithe measúnaithe don bhliain acadúil 2026/2027 leagtha amach i rannáin 3.4, 3.6 agus 3.7.*

Buntaca leis an gclár trí bliana Sraithe Sóisearaí is ea an measúnú agus an tuairisciú a bheith comhtháthaithe le chéile mar ghnáthchuid den teagasc agus den fhoghlaim i seomraí ranga.

Le Measúnuithe Rangbhunaithe, cumasaítear do scoláirí an tuiscint atá acu ar choincheapa agus ar scileanna a léiriú, mar aon leis an gcumas atá acu iad sin a chur i bhfeidhm, agus an méid sin ar fad a dhéanamh ar bhealaí a d'fhéadfadh a bheith dodhéanta i scrúdú a ndéantar measúnú seachtrach air. Cumhdaítear raon leathan gníomhaíochtaí sna measúnuithe a bhaineann le Measúnuithe Rangbhunaithe, lena n-áirítear tascanna ó bhéal, obair scríofa de chineálacha difriúla, tascanna praiticiúla nó tascanna a bhaineann le dearadh agus le déanamh, taibhléirithe ealaíne, turgnaimh eolaíocha, tionscadail, punanna nó tascanna oiriúnacha eile, ag brath ar an ábhar nó ar an ngearrchúrsa atá i gceist.

Is é/í an múinteoir a dhéanann measúnú ar na Measúnuithe Rangbhunaithe i ngach ábhar agus i ngach gearrchúrsa, bunaithe ar an bhfoghlaim a tharla laistigh den seomra ranga. Tríd is tríd, tugann scoláirí faoi dhá Mheasúnú Rangbhunaithe i ngach ábhar, ceann amháin sa dara bliain agus ceann amháin sa tríú bliain. Is iad a múinteoir ranga a threoraíonn agus a éascaíonn na measúnuithe sin. Is gnách go ndéanann scoláirí Measúnú Rangbhunaithe amháin i ngearrchúrsaí.

Measúnuithe Rangbhunaithe:

- Úsáidtear iad chun measúnú a dhéanamh ar an bhfoghlaim in ábhair agus i ngearrchúrsaí, agus is ar chomhleibhéal a dhéantar an measúnú sin.
- Déanfaidh scoláirí iad laistigh d'am ranga de réir amchlár náisiúnta, atá ar fáil ag ncca.ie/ga/, agus de réir na dtreoirlínte measúnaithe do gach ábhar agus do gach gearrchúrsa, atá ar fáil ag www.curriculumonline.ie/ga-ie/.
- Maidir le haon socruithe atá i bhfeidhm chun inrochtaineacht na Measúnuithe Rangbhunaithe seo a chinntiú do scoláirí, ba cheart iad a bheith ar aon dul leis na socruithe sin a chuir an scoil i bhfeidhm chun tacú le foghlaim an scoláire i rith na scoilbhliana. Ba cheart Measúnuithe Rangbhunaithe a bheith deartha chun a chinntiú gur féidir le scoláirí an méid atá foghlamtha acu a léiriú, seachas chun easpa foghlama/gnóthachtála a chúiteamh.

- Is iad múinteoirí na scoláirí a dhéanann measúnú orthu. Maidir leis na tuairiscíní a bhronntar, tuairiscítear iad do scoláirí agus do thuismitheoirí/caomhnóirí le linn na Sraithe Sóisearaí trí úsáid a bhaint as gnáthnósanna imeachta tuairiscithe na scoile agus i bPróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí.

Is féidir tuilleadh faisnéise faoi Mheasúnuithe Rangbhunaithe agus faoi na treoirlínte measúnaithe thuasluaite a fháil ag www.curriculumonline.ie/ga-ie/.

Agus measúnú á dhéanamh acu ar leibhéal na gnóthachtála scoláirí i Measúnú Rangbhunaithe, déanfaidh múinteoirí breithiúnais 'ar an iomlán' i ndáil leis na Gnéithe Cáilíochta, atá leagtha amach ina gceithre thuairiscín leibhéil: Thar Barr ar Fad; Os Cionn na nIonchas; Ag Teacht leis na hIonchais; agus Níor Comhlíonadh na hIonchais go Fóill.

Ós rud é go n-áirítear le sonraíochtaí ábhair aiseolas leanúnach, measúnú múnlaitheach, Measúnuithe Rangbhunaithe, Tascanna Measúnaithe (ní cheanglófar ar scoláirí a bheidh sa tríú bliain sa scoilbhliain 2026/2027 Tascanna Measúnaithe a dhéanamh sna hábhair iomchuí), agus scrúduithe deiridh, is gá breithniú a dhéanamh ar an ualach carnach a bheidh ar scoláirí agus ar mhúinteoirí mar gheall ar roinnt measúnuithe a bheith ar siúl ar fud an raoin iomláin ábhar. Sa chomhthéacs sin, **cuirfear** na Measúnuithe Rangbhunaithe in ionad measúnuithe eile a dhéantar sa scoil faoi láthair, amhail scrúduithe intí.

Meabhraítear do scoileanna gur cheart dóibh a mbeartais mheasúnaithe féin a scrúdú agus nach mór dóibh pleanáil chun Measúnuithe Rangbhunaithe do scoláirí a chur in ionad scrúduithe intí, i gcás gurb iomchuí.

Beidh Measúnú Rangbhunaithe amháin ag gearrchúrsaí Sraithe Sóisearaí. Is é an t-aon eisceacht amháin uaidh sin ná an clár nua Corpoideachais a mhaireann 135 huaire an chloig, lena gceanglaítear ar scoláirí dhá Mheasúnú Rangbhunaithe a chur i gcrích.
Is féidir Treoirlínte Measúnaithe do gach gearrchúrsa arna fhorbairt ag CNCM a fháil anseo.

Tá comhairle ar eisigh an Roinn í i mí an Mhárta 2023 maidir le sceidealú na Measúnuithe Rangbhunaithe ar fáil i rannán 1.2 thuas.

### 3.4 Socruithe le haghaidh Measúnuithe Rangbhunaithe sa bhliain acadúil 2026/2027

Ós rud é gur cinneadh na coigeartuithe a rinneadh ar shocruithe measúnaithe don bhliain acadúil 2026/2027 a choinneáil ar bun, tá feidhm ag na socruithe seo a leanas anois maidir le Measúnuithe Rangbhunaithe do scoláirí tríú bliain sa bhliain acadúil 2026/2027:

- Ní mór do scoláirí a bheidh ag dul isteach sa tríú bliain den tSraith Shóisearach sa bhliain acadúil 2026/2027 Measúnú Rangbhunaithe amháin ar a laghad a chur i

gcrích i ngach ábhar agus Measúnú Rangbhunaithe amháin a chur i gcrích i ngach gearrchúrsa.

- Ní cheanglaítear ar scoláirí sa chohórt seo Tascanna Measúnaithe a dhéanamh.
- Tá uathriail ag scoileanna chun a chinneadh cé acu a chuirfidh siad Measúnú Rangbhunaithe amháin nó dhá Mheasúnú Rangbhunaithe i gcrích i ngach ábhar.
- Beidh roinnt eisceachtaí ann maidir leis na roghanna a dhéanfaidh scoileanna:
    1. Chun measúnú ar scileanna cumarsáide ó bhéal i Nuatheangacha Iasachta a chinntiú, ní mór do scoláirí Measúnú Rangbhunaithe 1 a chur i gcrích: Cumarsáid ó Bhéal i Nuatheangacha Iasachta;
    agus
    2. Chun measúnú ar scileanna cumarsáide ó bhéal sa Ghaeilge a chinntiú, ní mór do scoláirí Measúnú Rangbhunaithe 2 a chur i gcrích: Ag Idirghníomhú trí Ghaeilge.
    3. Ós rud é go bhfuil sé nasctha i ngach cás leis an scrúdú deiridh san ábhar, ní mór do scoláirí atá ag déanamh staidéar ar an Amharc-ealaín, ar an Eacnamaíocht Bhaile, ar an gCeol, ar an Teicneolaíocht Fheidhmeach, ar an Innealtóireacht, ar an nGrafaic nó ar an Teicneolaíocht Adhmaid Measúnú Rangbhunaithe 2 a chur i gcrích.

    Nóta: san Amharc-ealaín, ní mór Measúnú Rangbhunaithe amháin a chur i láthair i bhformáid 3T de ghnáth. Tarscaoilfear an ceanglas sin do scoláirí a bheidh sa tríú bliain sa bhliain acadúil 2026/27.

- Sa Chorpoideachas, ceanglófar ar scoláirí a bheidh sa tríú bliain sa bhliain acadúil 2026/27 Measúnú Rangbhunaithe amháin ar a laghad a chur i gcrích.

Ba cheart Measúnuithe Rangbhunaithe a chur i gcrích laistigh den tréimhse ama atá leithdháilte (e.g., trí seachtaine, ceithre seachtaine), mar atá sonraithe sna Treoirlínte Measúnaithe do gach ábhar nó do gach gearrchúrsa.

Tá feidhm ag na socruithe sin freisin maidir le scoláirí a bheidh ag dul isteach sa tríú bliain sa bhliain acadúil 2027/2028.

Is ag teacht leis an g*Creat don tSraith Shóisearach 2015* atá na socruithe don chohórt scoláirí a bheidh ag dul isteach sa chéad bhliain den tSraith Shóisearach sa bhliain 2026/2027.

## 3.5 Cruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair (AFMÁ)

Chun tacú le múinteoirí Measúnuithe Rangbhunaithe na scoláirí a mheasúnú, téann múinteoirí i mbun cruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair (AFMÁ). Imríonn cruinnithe AFMÁ ról ríthábhachtach maidir le cultúr comhghleacúil gairmiúil a chothú agus maidir le saineolas a fhorbairt faoi na breithiúnais a thugann múinteoirí faoi ghnóthachtáil scoláirí.

Ag na cruinnithe sin, déanann na múinteoirí samplaí ionadaíocha d'obair scoláirí a chomhroinnt agus a phlé agus forbraíonn siad comhthuiscint ar cháilíocht fhoghlaim a scoláirí.

Is faoi lucht bainistíochta na scoile atá sé Measúnuithe Rangbhunaithe agus cruinnithe gaolmhara AFMÁ a sceidealú, i gcomhar le ranna ábhair. Moltar go gcuirfí na Measúnuithe Rangbhunaithe agus na cruinnithe AFMÁ i gcrích chomh gar agus is féidir dá chéile, bunaithe ar an staid i gcomhthéacsanna sonracha scoile. Chun cruinnithe éifeachtacha AFMÁ a chinntiú, ba cheart an cruinniú AFMÁ a chur ar siúl tráth nach déanaí ná mí amháin tar éis an Measúnú Rangbhunaithe gaolmhar a chur i gcrích.

Is é an dea-chleachtas ná cruinnithe AFMÁ a thionól i bpearsa, agus moltar gurbh é sin an cur chuige réamhshocraithe. Aithnítear, áfach, gur féidir go dtiocfaidh imthosca ar leith chun cinn ina mbeidh ar scoileanna na cruinnithe sin a sheoladh ar bhealaí eile. Nuair is indéanta[3], agus faoi réir chomhaontú na múinteoirí ábhair uile lena mbaineann, féadfaidh scoileanna iniúchadh a dhéanamh ar ardáin dhigiteacha a úsáid mar mhodh chun cruinnithe AFMÁ a sheoladh. Coinneofar faoi athbhreithniú an rogha atá ann cruinnithe AFMÁ a thionól i dtimpeallacht ar líne.

I gcás nach mbeidh ach múinteoir aonair ann le haghaidh ábhar ar leith sa scoil, is féidir an múinteoir sin a éascú páirt a ghlacadh i gcruinniú AFMÁ le scoil eile. I gcás scoil lán-Ghaeilge, is féidir an múinteoir a éascú páirt a ghlacadh i gcruinniú AFMÁ le scoil lán-Ghaeilge eile. Is féidir iniúchadh a dhéanamh ar an acmhainneacht a bhaineann le teicneolaíochtaí digiteacha a úsáid chun tacú le cruinnithe den sórt sin. Is féidir freisin gur gá do scoileanna, i gcás gearrchúrsaí, breithniú a dhéanamh ar chruinnithe AFMÁ a sheoladh ar líne i gcomhar le múinteoirí gearrchúrsaí ó scoileanna eile. Ach amháin in imthosca eisceachtúla, ba cheart cruinnithe AFMÁ a thionól chun measúnú a dhéanamh ar Mheasúnuithe Rangbhunaithe a chuirtear i gcrích i ngearrchúrsaí. Déanfar cur síos ar ghnóthachtáil scoláirí trí úsáid a bhaint as na tuairiscíní céanna a úsáidtear do na hábhair

[3] Aithnítear nach féidir gnéithe áirithe den phróiseas AFMÁ a sheoladh ar líne, amhail cruinnithe a bhaineann le scrúdú fisiciúil a dhéanamh ar dhéantáin.

thuasluaite. Tugtar i gCiorclán 0017/2020 treoir maidir leis an bpróiseas AFMÁ agus maidir leis na roghanna atá ar fáil do scoileanna i ndáil le cruinnithe AFMÁ a eagrú.

### 3.6 Socruithe le haghaidh Tascanna Measúnaithe do scoláirí tríú bliain sa bhliain acadúil 2026/2027

Mar thoradh ar choigeartuithe measúnaithe a deimhníodh i mí na Samhna 2025, ní cheanglófar ar scoláirí a bheidh ag gabháil don scrúdú sna blianta 2027 agus 2028 aon Tascanna Measúnaithe a chur i gcrích sna hábhair iomchuí. Tá na coigeartuithe sin ar aon dul leis na coigeartuithe a rinneadh i mblianta roimhe.

Tá Tascanna Measúnaithe freagrach as 10% den mharc deiridh sna hábhair iomchuí. I gcás scoláirí tríú bliain sa bhliain acadúil 2026/2027, déanfar an 10% sin a chomhchuimsiú sa scrúdú deiridh, a bheidh freagrach as 100% de na marcanna deiridh sna hábhair iomchuí.

### 3.7 Scrúdú Deiridh do scoláirí tríú bliain sa bhliain acadúil 2026/2027

Leanann Coimisiún na Scrúduithe Stáit le scrúduithe deiridh státdeimhnithe a shocrú agus a mharcáil go seachtrach.

Tá tuilleadh faisnéise faoin measúnú ar fáil ar shuíomh Gréasáin CNCM anseo.

I gcás fhormhór[4] na n-ábhar Sraithe Sóisearaí, is ann do scrúdú scríofa a socraíonn, a riarann agus a marcálann Coimisiún na Scrúduithe Stáit é. Ní mhaireann na scrúduithe scríofa níos mó ná dhá uair an chloig.

Tá na scrúduithe scríofa deiridh le cur ar siúl i mí an Mheithimh 2027. Is ar chomhleibhéal a shocraítear agus a mheasúnaítear na scrúduithe scríofa deiridh, ach amháin i gcás an Bhéarla, na Gaeilge (T1 agus T2) agus na Matamaitice, ar ina leith atá dhá leibhéal (ardleibhéal agus gnáthleibhéal) ar fáil.

I gcás na n-ábhar a bhfuil comhpháirt phraiticiúil a ndéantar measúnú seachtrach uirthi ag gabháil leo, cuimsíonn gnóthachtáil scoláirí sna scrúduithe deiridh a gcuid gnóthachtála sa chomhpháirt phraiticiúil a ndéantar measúnú seachtrach uirthi (déantán, obair phraiticiúil, nó feidhmíocht). Taifeadtar an ghnóthachtáil trí úsáid a bhaint as sraith grád státdeimhnithe, a dtabharfaidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit tuairisc orthu ar dtús i bhfoirm shealadach nuair a eiseofar na torthaí scrúdaithe sealadacha Sraithe Sóisearaí. Deimhneofar iad ina dhiaidh sin tar éis phróiseas achomhairc na Sraithe Sóisearaí, agus

---

[4] Is í an Amharc-ealaín an t-aon ábhar Sraithe Sóisearaí amháin nach reáchtálann Coimisiún na Scrúduithe Stáit aon Scrúdú Deiridh ina leith i mí an Mheithimh.

cuirfear iad ar áireamh i bPróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (PGSS), rud a eiseofar ón scoil. Beidh na gráid le feiceáil mar a leanas:

Grádú an Scrúdaithe Deiridh:

| Grád | Raon (%) |
|---|---|
| Gradam | ≥ 85 go 100 |
| Ardtuillteanas | ≥ 70 agus < 85 |
| Tuillteanas | ≥ 55 agus < 70 |
| Gnóthaithe | ≥ 40 agus < 55 |
| Gnóthaithe go Páirteach | ≥ 20 agus < 40 |
| Neamhghrádaithe | ≥ 0 agus < 20 |

Tríd an Scéim um Shocruithe Réasúnacha ag na Scrúduithe Teastais, soláthraíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit socruithe rochtana agus tacaíochta le haghaidh scrúduithe deiridh sa tSraith Shóisearach.

## 3.8 Tuairisciú ar ghnóthachtáil scoláirí

### 3.8.1 Tuairisciú

Is sa chéad bhliain agus sa dara bliain a thuairisceoidh an scoil go foirmiúil do scoláirí agus dá gcuid tuismitheoirí/caomhnóirí ar dhul chun cinn agus gnóthachtáil na scoláirí ina gcuid ábhar, gearrchúrsaí agus Aonad Tosaíochta Foghlama agus ina gclár Folláine, de réir mar is cuí. Is sa scoilbhliain tar éis an scrúdaithe deiridh a eiseoidh an scoil Próifíl Ghnóthachtála chomhchodach na Sraithe Sóisearaí (PGSS). Comhlánóidh sé sin an tuairisciú ar dhul chun cinn do thuismitheoirí/caomhnóirí le linn cruinnithe tuismitheoirí is múinteoirí agus trí ghnáthsheisiúin aiseolais do scoláirí, lena n-áirítear aiseolas tar éis gach Measúnú Rangbhunaithe a chur i gcrích.

D’fhorbair CNCM teimpléid tuairiscithe atá ag teacht le stíl agus formáid PGSS.
Spreagtar scoileanna a bhformáidí tuairiscithe féin a fhorbairt ar an gcaoi chéanna. Tá Treoirlínte maidir leis an Tuairisciú, lena n-áirítear samplaí de theimpléid lena n-úsáid ag scoileanna, ar fáil ag https://ncca.ie/ga/an-tsraith-shoisearach/measunu-agus-tuairisciu/.

### 3.8.2 Próifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (PGSS)

Tuairiscítear i bPróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (PGSS) ar ghnóthachtáil scoláirí ar fud raon réimsí foghlama sa tSraith Shóisearach, lena n-áirítear, i gcás gurb iomchuí:

- Scrúduithe Deiridh Choimisiún na Scrúduithe Stáit;
- Gearrchúrsaí;
- Measúnuithe Rangbhunaithe;
- Aonaid Tosaíochta Foghlama (ATFanna) Leibhéal 2;
- Aonaid Tosaíochta Foghlama (ATFanna) Leibhéal 1;
- Réimse na Folláine;
- Réimsí eile foghlama.

Is é PGSS an dámhachtain deiridh don tSraith Shóisearach, agus is féidir go mbeidh sé ag teastáil le haghaidh dul chun cinn i roinnt clár ardoideachais nó breisoideachais sa bhaile agus thar lear. Mar sin, tá sé tábhachtach go rachadh scoileanna i mbun an phróisis ar bhealach tráthúil cruinn agus go gcoinneodh siad PGSS ar feadh na tréimhse ama is gá.

Mar atá leagtha amach sna litreacha a eisíodh chuig príomhoidí scoileanna príomhshrutha (19 Márta 2026) agus chuig scoileanna speisialta agus chuig ionaid oideachais (26 Márta 2026), tá an próiseas PGSS á nuashonrú ag an Roinn Oideachais agus Óige d’fhonn a chinntiú go dtáirgfear PGSSanna, agus go dtabharfar iad do scoláirí, i bhfad níos luaithe sa scoilbhliain. Is é an sprioc atá ann go bhfaighidh scoláirí a bPróifíl Ghnóthachtála Sraithe Sóisearaí i mí Dheireadh Fómhair gach bliain chun a dtorthaí Sraithe Sóisearaí a léiriú mar chuid dá raon iomlán gnóthachtálacha sa tSraith Shóisearach.

Mar thoradh ar Phróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí a thabhairt do scoláirí ag an am sin, beidh sí níos úsáidí agus níos iomchuí dóibh. Ar an tslí sin, tabharfar deis do scoláirí machnamh a dhéanamh ar a ngnóthachtálacha uile sa tSraith Shóisearach, agus cinnteofar go bhfaighidh gach scoláire an teastas céanna ar an lá céanna, is cuma cén clár atá á dhéanamh acu. **Is é an aidhm atá leis sin ná go dtiocfaidh an amlíne nua i bhfeidhm do scoláirí a bheidh ag tabhairt faoin tSraith Shóisearach sa bhliain 2027.**

I gcás scoileanna, ciallaíonn sé sin:

- go gcaithfear na sonraí scoláirí ar fad a ionchur faoi mhí na Bealtaine dá dtríú bliain. Áirítear leis sin tuairiscíní Measúnuithe Rangbhunaithe, tuairiscíní Aonad Tosaíochta Foghlama (i gcás gurb iomchuí), iontrálacha do Réimsí Eile Foghlama, agus iontrálacha do Réimsí Eile Folláine.
- gur cheart go mbeadh an próiseas níos cuíchóirithe, toisc gur ag an aon luathchéim amháin a iontrálfar na sonraí uile anois, lena n-áireofar faisnéis faoi Réimsí Eile Foghlama agus faoi Réimsí Eile Folláine, agus toisc nach mbeidh sé riachtanach iad a chóipeáil ná a ghreamú isteach sa leagan PDF deiridh de PGSS a thuilleadh.

Tráth chur chun feidhme iomlán an phróisis sa bhliain 2027, mar atá beartaithe, ní bheidh ar scoileanna ach dámhachtain amháin a sholáthar do scoláirí, seachas an dá dhámhachtain a fhaigheann formhór na scoláirí faoi láthair.

Chun an sprioc sin a bhaint amach, iarrtar ar scoileanna, i gcás gur féidir agus gurb iomchuí, an fhaisnéis measúnaithe ar fad d'aon chohórt a ionchur isteach in PPOD faoi dheireadh mhí na Bealtaine i dtríú bliain an chohóirt. Táthar ag iarraidh ar gach scoil speisialta agus ar gach ionad oideachais eile an fhaisnéis scoláirí ar fad a ionchur i mí Mheán Fómhair, nuair a bheidh Bunachar Sonraí Dámhachtainí na Sraithe Sóisearaí ar fáil le haghaidh ionchuir. Beidh ar aon scoil a mbeidh scoláirí dá cuid ag tabhairt faoi CFL1SS na próifílí sin a chruthú trí Bhunachar Sonraí Dámhachtainí na Sraithe Sóisearaí i mí Mheán Fómhair. Ina theannta sin, gheobhaidh scoileanna príomhshrutha fógra ar fheidhmchlár esinet i mí Mheán Fómhair ina gcuirfear in iúl dóibh an bhfuil torthaí ó Choimisiún na Scrúduithe Stáit ar fáil d'aon scoláirí eile dá gcuid ar Bhunachar Sonraí Dámhachtainí na Sraithe Sóisearaí. Is féidir go dtarlóidh sé sin mar gheall ar aistrithe déanacha, i gcás scoláirí a gcuirtear oideachas orthu sa bhaile, nó mar gheall ar earráidí aistrithe sonraí. Iarrtar ar scoileanna Bunachar Sonraí Dámhachtainí na Sraithe Sóisearaí a sheiceáil chun a fháil amach an bhfuil aon ghníomhaíocht eile ag teastáil. Má theastaíonn aon chúnamh uait ina leith sin, déan teagmháil le JCPA@education.gov.ie.

Chun tuilleadh faisnéise a fháil faoi choinneáil PGSSanna, féach Ciorclán 0043/2026. Is féidir tuilleadh faisnéise faoi tháirgeadh PGSSanna don bhliain 2026 a fháil sa Lámhleabhar PGSS agus in acmhainní eile PGSS.

### 3.8.3 Tuairisciú ar ghnóthachtálacha scoláirí i réimse na Folláine

Is é atá i gceist leis an tuairisciú ar fhoghlaim scoláirí san Fholláine ná léargas a thabhairt ar an méid atá foghlamtha ag scoláirí faoin bhfolláine agus ar na scileanna atá forbartha acu chun tacú lena bhfolláine. Táthar ag súil leis go dtuairisceoidh scoileanna ar fhoghlaim scoláirí i réimse na folláine mar chuid den mheasúnú agus den tuairisciú leanúnach a dhéantar i rith na Sraithe Sóisearaí.

Is i dtuairiscíní a thugtar an teanga chuí foghlama lena húsáid chun tuairisciú ar ghnóthachtáil i réimsí curaclaim na Folláine sa Chorpoideachas, in OSPS agus in OSSP do na scoláirí sin a ghabhann do na cláir sin. Tá réimse saorthéacs ar leith ar fáil freisin lena úsáid chun tuairisciú ar Réimsí Eile Folláine.

### 3.8.4 Tuairisciú ar ghnóthachtálacha scoláirí i réimsí eile foghlama

Sa rannán saorthéacs 'Réimsí Eile Foghlama' de PGSS, tá solúbthacht ag an scoil tuairisciú ar eispéiris agus imeachtaí eile foghlama ar ghlac an scoláire páirt iontu le linn

gnéithe comhchuraclaim agus seach-churaclaim den chlár Sraithe Sóisearaí sa scoil. Tá samplaí de na gníomhaíochtaí a fhéadfar a sholáthar mar chuid de na 400 uair an chloig den soláthar Folláine leagtha amach sna *Treoirlínte ó CNCM le haghaidh Folláine sa tSraith Shóisearach (2021)*.

### 3.8.5 Tuairisciú deiridh ar ghnóthachtálacha scoláirí i CFL1anna agus i CFL2anna

I gcás scoláirí atá ag tabhairt faoi CFL1SS agus/nó faoi CFL2SS trí Aonaid Tosaíochta Foghlama nó trí ghearrchúrsaí agus tríothu sin amháin, is féidir go n-áireofar le PGSS tuairisc ar ghnóthachtáil na scoláirí sna nithe seo a leanas: Aonaid Tosaíochta Foghlama; Gearrchúrsaí; Réimsí Eile Folláine; agus Réimsí Eile Foghlama.

I gcás scoláirí atá ag tabhairt faoi CFL2SS in éineacht le roinnt ábhar agus/nó gearrchúrsaí ar Leibhéal 3, is féidir go n-áireofar le PGSS tuairisc ar ghnóthachtáil na scoláirí sna nithe seo a leanas: na hAonaid Tosaíochta Foghlama; na hábhair a rinne siad sna scrúduithe státdeimhnithe; Measúnuithe Rangbhunaithe d'ábhair agus do ghearrchúrsaí; réimse na Folláine; agus réimsí eile foghlama.

### 3.8.6 Aonaid Tosaíochta Foghlama (ATFanna)

Ar Leibhéal 1 den tSraith Shóisearach, i gcás go mbeidh fianaise ar an bhfoghlaim ann ina dtugtar le fios gur bhain an scoláire tairbhe as roinnt torthaí foghlama d'Aonad Tosaíochta Foghlama ar leith a rochtain, beidh 'Dul Chun Cinn atá Bainte Amach' le feiceáil in aice le teideal an Aonaid lena mbaineann. Ar Leibhéal 1, i gcás go dtabharfar le fios i bhfianaise ar an bhfoghlaim go ndearna an scoláire na torthaí foghlama uile a bhaineann leis an Aonad Tosaíochta Foghlama a rochtain agus gur bhain sé/sí formhór na dtorthaí foghlama sin amach, beidh 'Curtha i gCrích go Rathúil' le feiceáil in aice le teideal an Aonaid lena mbaineann.

Ar Leibhéal 2, i gcás go mbeidh fianaise ann ina dtugtar le fios go raibh foghlaim ann i bhformhór na dtorthaí foghlama do na gnéithe uile den Aonad Tosaíochta Foghlama ar leith, beidh 'Bainte Amach' le feiceáil in aice le teideal an Aonaid lena mbaineann.

### 3.8.7 Gearrchúrsaí

- Chun 'Dul Chun Cinn atá Bainte Amach' a thaifeadadh ar PGSS do gach gearrchúrsa de Leibhéal 1, beidh fianaise ar an bhfoghlaim ann ina léirítear gur bhain an scoláire tairbhe as roinnt torthaí foghlama sa ghearrchúrsa a rochtain. Chun 'Curtha i gCrích go Rathúil' a thaifeadadh ar PGSS do gach gearrchúrsa de Leibhéal 1, beidh fianaise ann ina dtugtar le fios gur chuir an scoláire an Measúnú Rangbhunaithe a bhaineann leis an ngearrchúrsa i gcrích go rathúil.

- Tar éis don scoláire Measúnú Rangbhunaithe a chur i gcrích go rathúil do ghearrchúrsa Leibhéal 2, taifeadfar an tuairiscín 'Bainte Amach' sa rannán iomchuí de PGSS mar aon le teideal an ghearrchúrsa lena mbaineann. I gcás nár chuir an scoláire Measúnú Rangbhunaithe i gcrích go rathúil do ghearrchúrsa Leibhéal 2, ní bheidh teideal an ghearrchúrsa le feiceáil ar PGSS.

## 3.9 Socruithe teicniúla do scoileanna

Tugtar sna míreanna seo a leanas breac-chuntas leathan ar na socruithe teicniúla atá i bhfeidhm faoi láthair agus atá ag teastáil le haghaidh PGSSanna a tháirgeadh i leith na scoileanna agus na n-ionad éagsúil ina dtugann scoláirí faoin tSraith Shóisearach.

### 3.9.1 An clár staidéir do scoláirí a thaifeadadh

Tá sé de **fhreagracht ar an údarás scoile** a chinntiú go léirítear go cruinn sa Bhunachar Sonraí ar Líne d'Iar-bhunscoileanna (PPOD) de chuid na Roinne na hábhair, na hAonaid Tosaíochta Foghlama agus na gearrchúrsaí a bhfuil gach scoláire ag déanamh staidéar orthu – idir ábhair scrúdaithe agus ábhair nach ábhair scrúdaithe iad, lena n-áirítear ábhair a dhéantar lasmuigh de shuíomh scoile aitheanta, arb ábhair iad a chuirtear san áireamh sa líon uasta de dheich n-ábhar a leagadh amach roimhe seo.

Úsáidtear PPOD chun mionsonraí faoi scoláirí agus faoina n-ábhair a sholáthar do Choimisiún na Scrúduithe Stáit chun críocha scrúdaithe. Is gá sonraí cruinne iomlána a bheith ann ar PPOD ionas go dtabharfar do scoláirí na hábhair a theastaíonn uathu dá dTascanna Measúnaithe[5], i gcás gurb iomchuí, dá dtrialacha praiticiúla agus feidhmíochta agus dá scrúduithe deiridh.

### 3.9.2 Socruithe taifeadta agus tuairiscithe le haghaidh PGSS a fhoilsiú

Déanfaidh **iar-bhunscoileanna aitheanta** an toradh ó Mheasúnuithe Rangbhunaithe (in ábhair agus i ngearrchúrsaí), agus gnóthachtálacha in Aonaid Tosaíochta Foghlama (i gcás gur cuí), a thaifeadadh dá scoláirí, agus uaslódálfar na sonraí sin isteach ar PPOD na Roinne. Déanfar na sonraí sin, agus an toradh ó Scrúduithe Deiridh Choimisiún na Scrúduithe Stáit (tar éis an phróisis achomhairc agus tar éis an Tasc Measúnaithe a chur san áireamh[6]), a thaifeadadh ar PGSS do gach scoláire.

Is féidir leis na scoileanna sin 'Réimsí Eile Foghlama' agus 'Réimsí Eile Folláine' a ionchur go díreach trí PPOD anois, seachas a bheith ag fanacht go dtí go gcruthófar an

---

[5] Ní cheanglófar ar scoláirí a bheidh sa tríú bliain sa bhliain acadúil 2026/2027 Tascanna Measúnaithe a dhéanamh do na hábhair iomchuí.

[6] Ibid.

teastas deiridh. Is iad scoileanna a eiseoidh na leaganacha comhlánaithe de PGSSanna chuig a scoláirí agus chuig tuismitheoirí/caomhnóirí.

I gcás Scoileanna Speisialta, Ionaid Ógtheagmhála, Ionaid Choinneála agus Foghlaimeoirí Aosacha i suíomhanna eile oideachais ina dtugann scoláirí faoin tSraith Shóisearach, tá na sonraí scoláirí ar fad le hionchur isteach i mBunachar Sonraí Dámhachtainí na Sraithe Sóisearaí i mí Mheán Fómhair tar éis dheireadh na Sraithe Sóisearaí. I gcás go mbeidh sonraí ó Choimisiún na Scrúduithe Stáit ar fáil do scoláire, ginfidh an Roinn taifead atá comhlánaithe go páirteach ar Bhunachar Sonraí Dámhachtainí na Sraithe Sóisearaí.

Is go háitiúil in PGSS a thaifeadfaidh scoileanna agus ionaid oideachais aitheanta ina dtugann scoláirí faoin tSraith Shóisearach an toradh ó Mheasúnuithe Rangbhunaithe na scoláirí (in ábhair agus i ngearrchúrsaí, de réir mar is cuí), gnóthachtáil na scoláirí in Aonaid Tosaíochta Foghlama, agus gnóthachtálacha na scoláirí faoi 'Réimsí Eile Foghlama' agus faoi 'Réimsí Eile Folláine'. Is iad na scoileanna agus na hionaid sin a eiseoidh an leagan comhlánaithe de PGSS chuig a scoláirí agus chuig tuismitheoirí/caomhnóirí.

I gcás nach mbeidh scoláirí in ann na Measúnuithe Rangbhunaithe a chur i gcrích laistigh de shuíomh scoile aitheanta (nó laistigh d'ionad oideachais aitheanta) **ar aon chúis**, tabhair faoi deara go dtaispeánfar na Measúnuithe Rangbhunaithe mar "neamhthuairiscithe" ar PGSS.

Mar atá leagtha amach sa litir inar meabhraíodh do Phríomhoidí na socruithe agus na tascanna is gá le haghaidh PGSSanna a uaslódáil agus a chur i gcrích, rud a seoladh chuig scoileanna an 1 Meitheamh 2022, ba cheart a thabhairt faoi deara freisin go mbíonn faireachán gníomhach á dhéanamh ag an Roinn Oideachais agus Óige ar an dóigh a ndéantar Measúnuithe Rangbhunaithe atá tugtha chun críche a uaslódáil chuig PPOD lena gcur ar áireamh i PGSSanna na scoláirí.

Bhunaigh an Roinn cuntas ríomhphoist tiomnaithe, CBAUPLOADS@education.gov.ie, chun go mbeidh Príomhoidí scoile in ann an Roinn a chur ar an eolas faoi aon saincheisteanna ar leith atá ann ina scoil i ndáil le Measúnuithe Rangbhunaithe a thabhairt chun críche lena n-uaslódáil chuig PPOD.

### 3.9.3 Coinneáil PGSSanna agus Bainistíocht Taifead i ndáil le PGSSanna

Ba cheart do scoileanna cóipeanna de PGSS a choinneáil, cibé acu go digiteach nó i gcruachóip, do gach scoláire ar feadh seacht mbliana tar éis lán-aois (18 mbliana) a bhaint amach. Ba cheart na taifid choinnithe a úsáid chun freastal ar iarrataí ó scoláirí ar a bPróifíl Ghnóthachtála Sraithe Sóisearaí féin, lena n-áirítear tar éis dóibh an scoil a fhágáil. Chuige sin, ba cheart do scoileanna aird a bheith acu ar cheanglais an Rialacháin Ghinearálta

maidir le Cosaint Sonraí a tugadh isteach i mí na Bealtaine 2018. Is féidir an ciorclán lena mbaineann, ciorclán 0043/2026, a fháil anseo.

### 3.10 Foghlaimeoirí aosacha i suíomhanna oideachais aosaigh

Sa scoilbhliain 2026/2027, beidh an tsolúbthacht ag foghlaimeoirí aosacha go fóill staidéar a dhéanamh ar ábhar nó ábhair ar leibhéal na Sraithe Sóisearaí laistigh de bhliain acadúil amháin. Tabharfaidh na foghlaimeoirí aosacha sin faoi Mheasúnú Rangbhunaithe amháin (an ceann a chuireann scoláirí i scoileanna príomhshrutha i gcrích sa tríú bliain) agus faoin scrúdú deiridh.

Féadfaidh foghlaimeoirí aosacha staidéar a dhéanamh freisin ar ghearrchúrsaí agus ar Aonaid Tosaíochta Foghlama, de réir mar a oireann dá riachtanais foghlama. Ní cheanglaítear ar fhoghlaimeoirí aosacha staidéar a dhéanamh ar aon ábhar ar leith, agus ní cheanglaítear orthu ach oiread staidéar a dhéanamh ar an gCorpoideachas, ar OSPS, ar OSSP ná ar ghnéithe eile den réimse foghlama ar a dtugtar an Fholláine. Ós rud é go bhfuil an Creat don tSraith Shóisearach deartha mar chlár scoilbhunaithe trí bliana, níl sé oiriúnach dá dhéanamh laistigh de chreat ama níos giorra.

## 4. Acmhainní agus Tacaí

Chun a chinntiú go mbeidh an t-am agus na hacmhainní riachtanacha ar fáil chun an Creat don tSraith Shóisearach a chur chun feidhme, leanfar leis na hacmhainní seo a leanas a chur ar fáil do scoileanna:

a) Am gairmiúil do mhúinteoirí (i.e., am teagmhála nach mbaineann le scoláirí ar lena linn a ghlacfaidh múinteoirí páirt i raon gníomhaíochtaí gairmiúla agus comhoibríocha chun tacú le cur chun feidhme na Sraithe Sóisearaí)
b) Uaireanta íoctha breise chun Foghlaim agus Measúnú Ábhair a chomhordú Cruinnithe athbhreithnithe
c) Uaireanta Acmhainne Bainistíochta (i.e., uaireanta íoctha breise a úsáidfidh scoileanna chun gníomhaíochtaí a bhaineann le cur chun feidhme na Sraithe Sóisearaí a bhainistiú agus chuige sin amháin)

### 4.1 Am Gairmiúil

Aithnítear sa *Chreat don tSraith Shóisearach 2015* go dteastaíonn am gairmiúil ó mhúinteoirí chun gur féidir leo gabháil do raon gníomhaíochtaí comhoibríocha gairmiúla. Is é a bheidh i gceist le sciar den am sin ná comhoibriú le comhghleacaithe teagaisc chun tacú leis an teagasc, leis an bhfoghlaim, leis an measúnú agus leis an tuairisciú.

Fágfaidh an t-am sin go mbeidh múinteoirí in ann gabháil, de réir mar is gá, do raon gníomhaíochtaí gairmiúla agus comhoibríocha, mar atá:

1. Gníomhaíochtaí gairmiúla scoile uile atá ceaptha chun tacú leis an tSraith Shóisearach
2. Gníomhaíochtaí gairmiúla atá ceaptha don mhúinteoir aonair agus don roinn ábhair aonair, lena n-áirítear gníomhaíochtaí a bhaineann le measúnú múnlaitheach, aiseolas, tuairisciú agus ionchuir a bheith á n-ullmhú do Phróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí
3. Freastal ar chruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair
4. Ullmhúchán do chruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair agus formhaoirseacht a dhéanamh ar thorthaí na gcruinnithe sin
5. Na Tascanna Measúnaithe a riar i seomraí ranga. Ní bheidh sé sin ag teastáil don bhliain acadúil 2026/2027.

Maidir le suíomhanna Ógtheagmhála, tá na daoine sin a sholáthraíonn an tSraith Shóisearach i dteideal am gairmiúil. Ba cheart don am sin teacht as am atá ann cheana le haghaidh dualgais riaracháin agus, dá bhrí sin, ní thagann aon laghdú ar am teagaisc dá bharr.

Tá an t-am gairmiúil aonair a sholáthraítear do mhúinteoirí ag teacht leis an ngealltanas atá tugtha sa *Chreat don tSraith Shóisearach 2015* chun tacaíocht den sórt sin a sholáthar ionas gur féidir le múinteoirí gabháil do ghníomhaíochtaí comhoibríocha gairmiúla chun tacú leis an teagasc, leis an bhfoghlaim agus leis an measúnú. Ó mhí Mheán Fómhair 2017 i leith, i ngach réimse ábhair, tá múinteoirí lánaimseartha a bhfuil baint acu leis an tSraith Shóisearach a sholáthar i dteideal 22 uair an chloig d'am gairmiúil. Tá teidlíocht pro rata do mhúinteoirí páirtaimseartha leagtha amach in Aguisín 2 a ghabhann leis an doiciméad seo. Mar atá leagtha amach thuas, tá sé sin faoi réir an múinteoir a bheith ag comhoibriú go hiomlán le gach gné den Chreat.

Tacaítear leis an soláthar ama ghairmiúil trí 828 cinn de phoist choibhéiseacha lánaimseartha sa bhreis a leithdháileadh ar scoileanna. Tá an leithdháileadh sin deartha chun nach mbeidh aon laghdú ann ar an am teagmhála ranga foriomlán do scoláirí. Tá an leithdháileadh léirithe ar leithligh ar an sceideal soláthar foirne, mar atá leagtha amach sna Ciorcláin maidir le Leithdháiltí Ceadaithe Post Teagaisc do scoileanna aonair, agus is ionann é agus an leithdháileadh breise a sholáthrófaí dá mbeadh laghdú 0.53 ann ar an gCóimheas idir Daltaí agus Múinteoir.

Is é an toradh atá ar 22 uair an chloig ar a mhéad d'am gairmiúil a sholáthar do mhúinteoirí lánaimseartha a bhfuil baint acu leis an tSraith Shóisearach a sholáthar (mar aon leis an soláthar pro rata do mhúinteoirí páirtaimseartha) ná gur ó 33 thréimhse teagaisc san

amchlár go 32 thréimhse teagaisc a laghdaítear am teagmhála ranga gach múinteora lánaimseartha (lena n-áirítear am teagaisc agus am a leithdháiltear do dhualgais shannta eile bhainistíochta agus chomhordúcháin), i scoil a bhfuil a hamchlár leagtha amach ina thréimhsí 40 nóiméad.

Tá an tréimhse ama ghairmiúil 40 nóiméad a sholáthraítear laistigh den amchlár ar fáil do mhúinteoirí ar an mbonn go n-úsáidfidh siad an t-am sin go solúbtha, lena n-áirítear tréimhsí ama a chuachadh agus am a thabhairt ar aghaidh ar mhaithe le comhoibriú gairmiúil a éascú. Féadfaidh múinteoirí na tréimhsí ama a úsáid freisin le haghaidh gníomhaíochtaí pleanála, aiseolais nó tuairiscithe aonair a bhaineann leis an tSraith Shóisearach. Go háirithe, beidh sé riachtanach tréimhsí ama a chuachadh chun cruinnithe AFMÁ a éascú. Ós rud é nach féidir cruinnithe comhoibrithe ghairmiúil a thionól ach amháin nuair is féidir leis na múinteoirí ábhair iomchuí a bheith i láthair, is féidir go mbeidh ar líon teoranta cruinnithe leas a bhaint as am cuachta na múinteoirí chun dul thar ghnáthuaireanta teagaisc na scoile ar feadh cuid éigin den chruinniú. Mairfidh gach cruinniú thart ar dhá uair an chloig. Beidh an tsolúbthacht sin ag teastáil le haghaidh cruinnithe AFMÁ a eagrú agus beidh sí teoranta do na cruinnithe sin de ghnáth. Tá faisnéis níos mine faoi chruinnithe AFMÁ tugtha i Rannán 3.6 thuas.

Is faoi lucht bainistíochta na scoile, ag gníomhú dó de réir théarmaí an Chiorcláin seo, atá sé an t-am gairmiúil ar fad a imscaradh. Ní mór gach tréimhse ama a sholáthraítear chun tacú le cur chun feidhme na Sraithe Sóisearaí a úsáid chun na críche sin faoi threoir fhoriomlán lucht bainistíochta na scoile, agus féadfar úsáid ama ghairmiúil a iniúchadh le linn meastóireacht scoile uile agus le linn cigireachtaí eile.

Tá an tsamhail leithdháilte le haghaidh am gairmiúil (lena n-áirítear an leithdháileadh scoite a bhaineann le múinteoirí riachtanas speisialta oideachais) a comhaontaíodh don scoilbhliain 2017/2018 á coinneáil ar bun agus, i gcás gur gá, méadófar í chun aon phoist teagaisc coibhéise lánaimseartha sa bhreis a thiocfaidh chun cinn mar gheall ar mhéadú ar an líon scoláirí a léiriú.

## 4.2 Acmhainní le haghaidh cruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair a chomhordú

Leithdháilfidh an lucht bainistíochta scoile dhá uair an chloig sa bhreis ar mhúinteoirí ar bhonn rothlach chun gur féidir leo ullmhú agus comhordú a dhéanamh ar gach cruinniú AFMÁ le haghaidh ábhar aonair nó gearrchúrsa aonair, lena n-áirítear deimhniú a thabhairt don lucht bainistíochta scoile gur tionóladh an cruinniú agus gur bronnadh tuairiscíní agus gur tuairiscíodh orthu. Féadfar an leithdháileadh dhá uair an chloig sin a éascú trí uaireanta ionadaithe íoctha breise a sholáthar don scoil. Ní fhéadfar déanamh amhlaidh laistigh den Scéim Maoirseachta agus Ionadaithe, áfach. Tá sé sin sa bhreis ar an 22 uair an chloig

d'am gairmiúil atá á leithdháileadh ar gach múinteoir lánaimseartha laistigh den amchlár ón mbliain acadúil 2017/2018 ar aghaidh.

### 4.3 Acmhainní Bainistíochta

Is iad bord bainistíochta gach scoile nó an bord oideachais agus oiliúna, de réir mar is cuí, agus an fhoireann bainistíochta ionscoile a bheidh freagrach as cur chun feidhme foriomlán na Sraithe Sóisearaí sa scoil, faoi mar atá siad freagrach as gach gné eile d'obair na scoile. Mar gheall ar an bhfíoras go ndéanfadh tabhairt isteach an *Chreata don tSraith Shóisearach 2015* difear do cheannairí scoile, leithdháileadh uaireanta breise ar scoileanna (trí ionadú) le héifeacht ón mbliain 2016. Rinneadh amhlaidh ar bhonn eatramhach, ar feitheamh poist cheannaireachta i scoileanna a aisiriú chun cabhrú leis an obair bhreise sin a éascú. I g*Ciorclán 3/2018 - 'Ceannaireacht agus Bainistíocht in Iar-bhunscoileanna'*, tugadh mionsonraí maidir le poist cheannaireachta agus bhainistíochta a aisiriú sna scoileanna sin, lenar áiríodh thart ar 1,300 post ceannaireachta a bheith á n-aisiriú chuig iar-bhunscoileanna.

Cé go raibh na huaireanta acmhainne bainistíochta sin le dul as feidhm ag deireadh na scoilbhliana 2025/2026, chinn an Roinn leanúint, ar bhonn eatramhach, leis na huaireanta sin a leithdháileadh faoin tsamhail leithdháilte chéanna don scoilbhliain 2026/2027. Déanfar athbhreithniú ar an leithdháileadh sin ag deireadh na scoilbhliana agus i gcomhthéacs chur chun feidhme iomlán an Chreata don tSraith Shóisearach.

Tá an leithdháileadh don bhliain acadúil 2026/2027 leagtha amach mar a leanas:

| Rollú | Uaireanta Acmhainne Seachtainiúla Bainistíochta |
|---|---|
| 700+ | 2 uair an chloig |
| 600-699 | 2 uair an chloig agus 40 nóiméad |
| 400-599 | 2 uair an chloig |
| <399 | 2 uair an chloig |

Beidh feidhm ag na socruithe pro rata atá ann cheana le haghaidh cur chun feidhme páirteach.

Tá na hacmhainní breise sin á bhfáil ag scoileanna ar an mbonn go bhfaigheann a scoláirí Sraithe Sóisearaí rochtain ar chleachtais teagaisc, foghlama agus mheasúnaithe, lena n-áirítear cruinnithe AFMÁ a thionól, ar aon dul leis an g*Creat don tSraith Shóisearach 2015* agus leis na sonraíochtaí gaolmhara arna ndearadh ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim

agus Measúnachta agus arna gceadú ag an Aire, lena n-áirítear gach socrú measúnaithe atá leagtha amach i gciorcláin Sraithe Sóisearaí.

Le ceadú ón mbord bainistíochta, agus tar éis cuireadh oscailte a eisiúint le haghaidh léirithe spéise ó na múinteoirí sa scoil, leithdháilfidh an Príomhoide na huaireanta teagaisc breise a deonaíodh don scoil chun tacú leis/léi an tSraith Shóisearach a chur chun feidhme. Tugtar an leithdháileadh ama breise sin i bhfoirm uaireanta comhordúcháin seachtainiúla agus féadfar é a tharraingt anuas i rith na scoilbhliana.

Féadfar na huaireanta a chuachadh chun teacht leis an bhfíoras gurb éagsúil ó sheachtain go seachtain a bhíonn an obair a bhaineann leis an tSraith Shóisearach a chomhordú i rith na scoilbhliana.

Féadfar roinnt nó gach ceann de na gníomhaíochtaí seo a leanas a chur ar áireamh:

- Tacú leis an bPríomhoide/an Leas-Phríomhoide maidir le pleanáil, cumarsáid a dhéanamh agus ionadú a eagrú do mhúinteoirí agus iad ag freastal ar Fhoghlaim Ghairmiúil Múinteoirí (FGM);
- Eispéiris FGM ionscoile nó ar líne a sceidealú agus idirchaidreamh a dhéanamh le Oide;
- Formhaoirseacht a dhéanamh ar sceidealú cruinnithe AFMÁ;
- Idirchaidreamh a dhéanamh le comhordaitheoirí cruinnithe AFMÁ;
- Formhaoirseacht a dhéanamh ar na nósanna imeachta um thuairisciú do thuismitheoirí/caomhnóirí maidir le Measúnuithe Rangbhunaithe d'ábhair agus do CFL1anna, do CFL2anna agus do ghearrchúrsaí;
- Riar na dTascanna Measúnaithe a eagrú agus na socruithe riachtanacha a dhéanamh le haghaidh an Tasc Measúnaithe a sheoladh ar ais chuig Coimisiún na Scrúduithe Stáit. Ní bheidh sé sin ag teastáil don bhliain acadúil 2026/2027.

## 5. Faisnéis Bhreise

### 5.1 Rialacha agus Cláir

Glacann na forálacha den chiorclán seo ionad gach tagartha do scrúduithe Sraithe Sóisearaí agus Teastais Shóisearaigh i Rialacha 20, 21, 32, 33 agus 34 de na Rialacha agus Cláir do Mheánscoileanna 2004/2005.

### 5.2 Rochtain ar Fhaisnéis

Is féidir tuilleadh faisnéise a rochtain ar shuíomh Gréasáin na Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta ag ncca.ie/ga/, ar shuíomh Gréasáin na seirbhíse tacaíochta ag www.oide.ie/ga/, agus ag www.curriculumonline.ie/ga-ie/.

Is le fáil ar na suíomhanna Gréasáin sin atá faisnéis agus raon ábhar praiticiúil atá dírithe ar thacú le ceannairí scoile, le múinteoirí agus le tuismitheoirí/caomhnóirí.
Is féidir iarpháipéir agus páipéir shamplacha a rochtain ag www.examinations.ie. Is féidir an Ciorclán seo a rochtain freisin ag www.gov.ie.

**Arna eisiúint ag:** An tAonad um Beartas Curaclaim agus Measúnachta

**Dáta Eisiúna:** 27 Bealtaine 2026

## Aguisín 1: Leithdháileadh Ama Ghairmiúil ar Mhúinteoirí Páirtaimseartha ar bhonn Pro Rata

Tá cur i bhfeidhm bliantúil pro rata an Ama Ghairmiúil do mhúinteoirí ar lú an líon uaireanta a oibríonn siad ná uaireanta lánaimseartha leagtha amach thíos:

| An líon uaireanta i gconradh an mhúinteora | Am gairmiúil in aghaidh na bliana<br>Tréimhsí ranga (x 40 nóiméad) | Iomlán an Ama Ghairmiúil in aghaidh na bliana |
|---|---|---|
| 11 uair an chloig nó níos lú | 17 | = 11 uair an chloig agus 20 nóiméad |
| 11 uair an chloig agus 1 nóiméad – 11 uair an chloig agus 29 nóiméad | 17 | = 11 uair an chloig agus 20 nóiméad |
| 11 uair an chloig agus 30 nóiméad – 11 uair an chloig agus 59 nóiméad | 18 | = 12 uair an chloig |
| 12 uair an chloig – 12 uair an chloig agus 29 nóiméad | 18 | = 12 uair an chloig |
| 12 uair an chloig agus 30 nóiméad – 12 uair an chloig agus 59 nóiméad | 19 | = 12 uair an chloig agus 40 nóiméad |
| 13 huaire an chloig – 13 huaire an chloig agus 29 nóiméad | 20 | = 13 huaire an chloig agus 20 nóiméad |
| 13 huaire an chloig agus 30 nóiméad – 13 huaire an chloig agus 59 nóiméad | 21 | = 14 huaire an chloig |
| 14 huaire an chloig – 14 huaire an chloig agus 29 nóiméad | 21 | = 14 huaire an chloig |
| 14 huaire an chloig agus 30 nóiméad – 14 huaire an chloig agus 59 nóiméad | 22 | = 14 huaire an chloig agus 40 nóiméad |
| 15 huaire an chloig – 15 huaire an chloig agus 29 nóiméad | 23 | = 15 huaire an chloig agus 20 nóiméad |

| | | |
|---|---|---|
| 15 huaire an chloig agus 30 nóiméad – 15 huaire an chloig agus 59 nóiméad | 24 | = 16 huaire an chloig |
| 16 huaire an chloig – 16 huaire an chloig agus 29 nóiméad | 24 | = 16 huaire an chloig |
| 16 huaire an chloig agus 30 nóiméad – 16 huaire an chloig agus 59 nóiméad | 25 | = 16 huaire an chloig agus 40 nóiméad |
| 17 n-uaire an chloig – 17 n-uaire an chloig agus 59 nóiméad | 26 | = 17 n-uaire an chloig agus 20 nóiméad |
| 18 n-uaire an chloig nó níos mó | 33 | = 22 uair an chloig |

Is é an líon iomlán uaireanta a shanntar do mhúinteoir, lena gcuimsítear am teagaisc agus dualgais shannta eile bhainistíochta agus chomhordúcháin, ná an líon uaireanta ar a bhfuil cur i bhfeidhm an sceidil thuas i leith am gairmiúil bunaithe.

## Aguisín 2: Roghanna le haghaidh cruinnithe AFMÁ a eagrú

Ba cheart do scoileanna ceann amháin de na roghanna seo a leanas a úsáid le haghaidh cruinnithe AFMÁ a eagrú, agus aird á tabhairt ar an scóip atá ann iniúchadh a dhéanamh ar theicneolaíochtaí digiteacha a úsáid le haghaidh na cruinnithe sin a thionól:

Rogha A

- Féadfaidh scoileanna a roghnú amchlár a choimeád nó a chur i bhfeidhm ina mbíonn ceithre lá fhada agus lá gearr amháin.
- Leis an amchlár sin, beifear in ann cruinnithe AFMÁ agus cruinnithe eile a bhaineann leis an tSraith Shóisearach a thionól sa tréimhse tar éis dheireadh an teagaisc ar an lá gearr, nó ag am eile nach gcuirfidh isteach ar am teagaisc na scoláirí.
- Ceanglófar ar scoileanna cloí leis na leibhéil ama teagaisc do scoláirí atá sainithe faoi láthair, i.e., 28 n-uaire an chloig in aghaidh na seachtaine.
- Ní ceadmhach do scoileanna aon chostais bhreise a thabhú trí Ionadú.
- Ní ceadmhach Ionadú ná Maoirseacht a úsáid chun cruinnithe AFMÁ a éascú.
- Cruinniú aonair a mhairfidh thart ar dhá uair an chloig a bheidh sa chruinniú AFMÁ.

Rogha B

- Tagtar ar chomhaontú ar leibhéal na scoile idir na múinteoirí agus an lucht bainistíochta go dtionólfar cruinnithe AFMÁ ag am a bheidh oiriúnach do na múinteoirí sna grúpaí ábhair, gan aon chur isteach ar am teagaisc.
- Más féidir déanamh amhlaidh sna himthosca, féadfar cruinniú, nó cuid de chruinniú, a chur ar siúl laistigh de ghnáthuaireanta teagaisc na scoile.
- Ceanglófar ar scoileanna cloí leis na leibhéil ama teagaisc do scoláirí atá sainithe faoi láthair, i.e., 28 n-uaire an chloig in aghaidh na seachtaine.
- Ní ceadmhach do scoileanna aon chostais bhreise a thabhú trí Ionadú.
- Ní ceadmhach Ionadú ná Maoirseacht a úsáid chun cruinnithe AFMÁ a éascú.
- Cruinniú aonair a mhairfidh thart ar dhá uair an chloig a bheidh sa chruinniú AFMÁ.

Rogha C

- Beidh 40 nóiméad d'am ullmhúcháin ó am gairmiúil an mhúinteora i gceist leis an bpróiseas AFMÁ, agus beidh cuid chomhoibríoch 80 nóiméad ar a laghad i gceist leis, agus an dara ceann le tionól mar chruinniú aonair.
- Tar éis do scoláirí a Measúnú Rangbhunaithe a chur i gcrích, déanfaidh a múinteoir ranga ábhair measúnú sealadach ar fhoghlaim na scoláirí mar a forbraíodh agus a léiríodh í leis an bpróiseas Measúnuithe Rangbhunaithe, bunaithe ar na Gnéithe Cáilíochta. Féadfar na measúnuithe sealadacha sin a mhodhnú i bhfianaise na bpléití a rinneadh ag an gcruinniú AFMÁ.

- Agus é/í ag ullmhú don chuid chomhoibríoch den phróiseas AFMÁ, sainaithneoidh gach múinteoir sampla amháin d'obair na scoláirí do gach tuairiscín, i gcás gurb indéanta, lena phlé ag an gcruinniú. Cuirfidh gach múinteoir a s(h)amplaí faoi bhráid an Éascaitheora AFMÁ, mar aon le nóta achomair ar gach sampla d'obair na scoláirí ina léireofar na cúiseanna lena m(h)easúnú sealadach ar an obair. Tacóidh sé sin leis na múinteoirí iomchuí uile athbhreithniú a dhéanamh ar na samplaí d'obair na scoláirí sa chéim ullmhúcháin.
- Tiomsóidh an tÉascaitheoir AFMÁ na samplaí cuí d'obair na scoláirí agus na nótaí ó na múinteoirí ábhair a ghabhann leo, agus cuirfidh sé/sí iad ar fáil roinnt laethanta sula dtosófar an chuid chomhoibríoch den phróiseas AFMÁ.
- Úsáidfidh múinteoirí 40 nóiméad dá n-am gairmiúil chun an t-ábhar sin a rochtain, chun na samplaí agus na nótaí a ghabhann leo a scrúdú agus chun eolas a chur ar a bhfuil iontu.
- Tionólfar an chuid eile den phróiseas AFMÁ (cruinniú a mhairfidh 80 nóiméad ar a laghad) ag am a bheidh oiriúnach do na múinteoirí sa ghrúpa ábhair, gan aon chur isteach ar am teagaisc na scoláirí agus gan aon ionadú a úsáid.
- Ceanglófar ar scoileanna cloí leis na leibhéil ama teagmhála do scoláirí atá sainithe faoi láthair, i.e., 28 n-uaire an chloig in aghaidh na seachtaine.
- Ní ceadmhach do scoileanna aon chostais bhreise a thabhú trí Ionadú.
- Ní ceadmhach Maoirseacht ná Ionadú a úsáid chun cruinnithe AFMÁ a éascú.